RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2364 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Meán Fómhair 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1) agus Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 bunaíodh ainmníocht earraí ('Ainmníocht Chomhcheangailte' nó 'AC') chun ceanglais na Comhtharaife Custaim, staidreamh trádála eachtraí an Aontais, agus bheartais eile de chuid an Aontais a bhaineann le hallmhairiú nó onnmhairiú earraí a chomhlíonadh an tráth céanna.

(2) Ar mhaithe le simpliú na reachtaíochta, is iomchuí an AC a nuachóiriú agus a struchtúr a oiriúnú.

(3) Is gá an AC a leasú chun an laghdú diaidh ar ndiaidh ar rátaí dleachta i gcás táirgí a chumhdaítear leis an gcomhaontú a chur chun feidhme, comhaontú atá i bhfoirm an Dearbhaithe maidir leis an Méadú ar an Trádáil i dTáirgí Teicneolaíochta Faisnéise, mar a cheanglaítear le Cinneadh (AE) 2016/971 ([2]) ón gComhairle.

(4) I gcomhthéacs an chóir chéanna 'saor' ó dhleacht taraife a choinneáil ar bun le haghaidh táirgí a chumhdaítear leis an gcomhaontú i bhfoirm an Dearbhaithe maidir leis an Méadú ar an Trádála i dTáirgí Teicneolaíochta Faisnéise, i gcás inar gá scoilteoirí optúla éighníomhacha áirithe a aicmiú faoi cheannteideal 9013, is gá cód AC ar leithligh a chruthú le haghaidh na dtáirgí sonracha sin.

(5) Is gá an AC a leasú freisin chun athruithe ar na ceanglais a bhaineann le staidreamh agus le beartas trádála agus le forbairtí teicneolaíochta agus tráchtála a chur san áireamh, trí fho-cheannteidil nua a thabhairt isteach nó trí struchtúr reatha na bhfo-cheannteideal a nuachóiriú agus faireachán ar earraí sonracha a éascú ('Plátano de Canarias' i gCaibidil 8, 'trátaí' i gCaibidil 20, 'dramhaíl phlaisteach' i gCaibidil 39, 'ábhair neamhfhite' i gCaibidil 56, 'dramh agus bruscar fabraicí dúnta atá déanta as caisirníní de shnáithíní gloine' i gCaibidil 70, 'páirteanna de shuíocháin mótarfheithiclí' i gCaibidil 94 den AC). Is gá freisin fo-cheannteideal 5007 20 a shimpliú ('Fabraicí eile, ina bhfuil 85 % nó níos mó, de réir meáchain, de shíoda nó de dhramhshíoda seachas síoda scotha').

(6) I bhfianaise na forbartha ar léirmhíniú CC ('Córas Comhchuibhithe') agus chóid AC agus na forbartha ar eolas eolaíoch, is gá an t-aicmiú a dhéantar ar shubstaintí áirithe sa liosta d'ainmneacha neamhdhílseánacha de shubstaintí cógaisíochta in Iarscríbhinn 3 de Chuid a Trí (Iarscríbhinní Taraife) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 a leasú.

(7) Le héifeacht ón 1 Eanáir 2024, ba cheart leagan iomlán cothrom le dáta den Ainmníocht Chomhcheangailte, mar aon leis na rátaí uathrialacha agus na rátaí caighdeánacha dleachta a eascraíonn as na bearta arna nglacadh ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún, a chur in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

([1]) IO L 256, 7.9.1987, lch. 1.
([2]) Cinneadh (AE) 2016/971 ón gComhairle an 17 Meitheamh 2016 maidir le tabhairt i gcrích comhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, comhaontú atá i bhfoirm an Dearbhaithe maidir leis an Méadú ar an Trádáil i dTáirgí Teicneolaíochta Faisnéise (IO L 161, 18.6.2016, lch. 2).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Gerassimos THOMAS
An tArd-Stiúrthóir
Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN I

AINMNÍOCHT CHOMHCHEANGAILTE

ACHOIMRE

CUID A HAON — RÉAMHFHORÁLACHA

Leathanaigh

ROINN I — RIALACHA GINEARÁLTA

A. RIALACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE LÉIRMHÍNIÚ NA hAINMNÍOCHTA COMHCHEANGAILTE 15

B. RIALACHA GINEARÁLTA A bhAineAnn LE dLEAchtAnnA 16

C. RIALACHA GINEARÁLTA IS INFHEIDHME MAIDIR LEIS AN AINMNÍOCHT AGUS LE dLEachtANna ARAON 17

ROINN II — FORÁLACHA SPEISIALTA

A. EARRAÍ LE HAGHAIDH CATAGÓIRÍ ÁIRITHE LONG, BÁD AGUS SOITHÍ eiLE AGUS LE HAGHAIDH ARDÁIN druiLEála NÓ TÁIRGEACHTA 18

B. AERÁRTHAÍ SIBHIALTA AGUS EARRAÍ A bhfuilteAr leNA N-ÚSÁID IN AERÁRTHAÍ SIBHIALTA 19

C. TÁIRGÍ CÓGAISÍOCHTA 22

D. RÁTA CAIGHDEÁNACH DLEACHTA 23

E. COIMEÁDÁIN AGUS PACÁISTÍOCHT 24

F. CÓIREÁIL FHABHRACH TARAIFE DE BHARR CHINEÁL NA N-EARRAÍ 24

COMHARTHAÍ, GIORRÚCHÁIN AGUS SIOMBAIL 26

AONAID FHORLÍONTACHA 27

CUID A DÓ — SCEIDEAL NA NDLEACHTANNA CUSTAIM

Caibidlí Leathanaigh

ROINN I

AINMHITHE BEO; TÁIRGÍ AINMHITHE

1 AINMHITHE BEO 31

2 FEOIL AGUS SCAIRTEACH FEOLA INITE 36

3 ÉISC AGUS CRUSTAIGH, MOILISC AGUS INVEIRTEABRAIGH UISCEACHA EILE 55

4 TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL NÁDÚRTHA; TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH, NACH bhFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE 79

5 TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH, NACH bhFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE 93

ROINN II

TÁIRGÍ PLANDÚLA

6 CRAINN BHEO AGUS PLANDAÍ EILE; BLEIBÍNÍ, FRÉAMHACHA AGUS A LEITHÉIDÍ; BLÁTHANNA GEARRTHA AGUS DUILLIÚR ORNÁIDEACH 95

7 GLASRAÍ AGUS FRÉAMHACHA AGUS TIÚBAIR ÁIRITHE ATÁ INITE 98

Caibidlí Leathanaigh

8 TORTHAÍ AGUS CNÓNNA INITE; CRAICEANN TORTHAÍ CITRIS NÓ MEALBHACÁN 105

9 CAIFE, TAE, MAITÉ AGUS SPÍOSRAÍ 112

10 GRÁNAIGH 115

11 TÁIRGÍ AN TIONSCAIL MHUILLEOIREACHTA; BRAICH; STÁIRSÍ; IONÚILIN; GLÚTAN CRUITHNEACHTA .. 120

12 OLASHÍOLTA AGUS TORTHAÍ OLÚLA; CINEÁLACHA GRÁIN, SÍOLTA AGUS TORTHAÍ ILGHNÉITHEACHA; PLANDAÍ TIONSCLAÍOCHA NÓ ÍOCSHLÁINTE; COCHÁN AGUS FARAE 125

13 LEAIC; GUMAÍ, ROISÍNÍ AGUS SÚNNA PLANDÚLA AGUS ÚISC PHLANDÚLA EILE 130

14 ÁBHAIR FÍOCHÁIN PHLANDÚLA; TÁIRGÍ Ó PHLANDAÍ NACH BHFUIL SONRAITHE NÁ SAN ÁIREAMH IN ÁIT EILE 132

ROINN III

SAILLTE AGUS OLAÍ AINMHÍOCHA, PLANDÚLA NÓ MIOCRÓBACHA AGUS A DTÁIRGÍ SCOILTE; SAILLTE INITE ULLMHAITHE; CÉARACHA AINMHÍOCHA NÓ PLANDÚLA

15 SAILLTE AGUS OLAÍ AINMHÍOCHA, PLANDÚLA NÓ MIOCRÓBACHA AGUS A DTÁIRGÍ SCOILTE; SAILLTE INITE ULLMHAITHE; CÉARACHA PLANDÚLA NÓ AINMHÍOCHA 133

ROINN IV

EARRAÍ BIA ULLMHAITHE; DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR; TOBAC AGUS IONADAIGH TOBAC MHONARAITHE; TÁIRGÍ, BÍODH NICITÍN IONTU NÓ NÁ BÍODH, ATÁ BEARTAITHE LENA NIONANÁLÚ GAN DÓCHÁN; TÁIRGÍ EILE A BHFUIL NICITÍN IONTU ATÁ BEARTAITHE LE NICITÍN A IONTÓGÁIL I GCORP AN DUINE

16 ULLMHÓIDÍ Ó FHEOIL, Ó ÉISC, Ó CHRÚSTAIGH, Ó MHOILISC NÓ Ó INVEIRTEABRAIGH UISCE EILE, NÓ Ó FHEITHIDÍ 144

17 SIÚCRAÍ AGUS MILSEOGRA SIÚCRA 151

18 CÓCÓ AGUS ULLMHÓIDÍ CÓCÓ 156

19 ULLMHÓIDÍ GRÁNACH, PLÚIR, STÁIRSE NÓ BAINNE; TÁIRGÍ CÓCAIRÍ TAOSRÁIN 159

20 ULLMHÓIDÍ GLASRAÍ, TORTHAÍ, CNÓNNA NÓ CODANNA EILE DE PHLANDAÍ 164

21 ULLMHÓIDÍ INITE ILGHNÉITHEACHA 185

22 DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR 189

23 IARMHAIR AGUS DRAMH Ó NA TIONSCAIL BHIA; FARAE ULLMHAITHE D'AINMHITHE 204

24 TOBAC AGUS IONADAIGH TOBAC MHONARAITHE; TÁIRGÍ, BÍODH NICITÍN IONTU NÓ NÁ BÍODH, ATÁ CEAPTHA LENA NIONANÁLÚ GAN DÓCHÁN; TÁIRGÍ EILE A BHFUIL NICITÍN IONTU ATÁ CEAPTHA LE NICITÍN A IONTÓGÁIL I GCORP AN DUINE 210

ROINN V

TÁIRGÍ MIANRACHA

25 SALANN; SULFAR; ITHREACHA AGUS CLOCHA; ÁBHAIR PHLÁSTRÁLA, AOL AGUS STROIGHIN 213

26 MIANTA, SLAIG AGUS LUAITH 219

27 BREOSLAÍ MIANRACHA, OLAÍ MIANRACHA AGUS TÁIRGÍ DE THORADH A NDRIOGTHA; SUBSTAINTÍ BIOTÚMANACHA; CÉARACHA MIANRACHA 222

Caibidlí Leathanaigh

ROINN VI

TÁIRGÍ Ó NA TIONSCAIL CHEIMICEACHA NÓ Ó NA TIONSCAIL GHAOLMHARA

28 CEIMICEÁIN NEAMHORGÁNACHA; COMHDHÚILE ORGÁNACHA NÓ NEAMHORGÁNACHA AS MIOTAIL LÓMHARA, AS MIOTAIL TEARC-CHRÉ, AS DÚILE RADAIGHNÍOMHACHA NÓ AS ISEATÓIP 232

29 CEIMICEÁIN ORGÁNACHA 248

30 TÁIRGÍ CÓGAISÍOCHTA 275

31 LEASACHÁIN 281

32 EASTÓSCÁIN SÚDAIREACHTA NÓ RUAIMNEOIREACHTA; TAINNINÍ AGUS A NDÍORTHAIGH; RUAIMEANNA, LÍOCHA AGUS ÁBHAIR DHATHÚCHÁIN EILE; PÉINTEANNA AGUS VEARNAISÍ; PUITÍ AGUS MAISTEOGA EILE; DÚCHANNA 285

33 BLÁTHOLAÍ AGUS ROISÍNEOIDÍ; ULLMHÓIDÍ CUMHRADÓIREACHTA, COSMAIDEACHA NÓ MAISÍOCHTA 290

34 GALLÚNACH, OIBREÁIN DHROMCHLA-GHNÍOMHACHA ORGÁNACHA, ULLMHÓIDÍ NÍOCHÁIN, ULLMHÓIDÍ BEALAITHE, CÉARACHA SAORGA, CÉARACHA SAINULLMHAITHE, ULLMHÓIDÍ SNASAIREACHTA NÓ SCIÚRACHÁIN, COINNLE AGUS EARRAÍ DÁ SAMHAIL, TAOIS MHÚNLÓIREACHTA, 'DÉADCHÉÁRACHA' AGUS ULLMHÓIDÍ DÉIDLIACHTA AR BHONN PLÁSTAIR 294

35 TÁIRGÍ ALBAIMIONÓIDEACHA; STÁIRSÍ MODHNAITHE; GLIÚNNA; EINSÍMÍ 297

36 PLÉASCÁIN; TÁIRGÍ PIRITEICNIÚLA; LASÁIN; CÓIMHIOTAIL PHIREAFÓRACHA; ULLMHÓIDÍ ÁIRITHE INDÓITE 300

37 EARRAÍ FÓTAGRAFACHA NÓ CINEAMATAGRAFACHA 301

38 TÁIRGÍ CEIMICEACHA ILGHNÉITHEACHA 304

ROINN VII

PLAISTIGH AGUS EARRAÍ DÍOBH; RUBAR AGUS EARRAÍ DÍOBH

39 PLAISTIGH AGUS EARRAÍ ATÁ DÉANTA ASTU 316

40 RUBAR AGUS EARRAÍ DÉANTA AS RUBAR 332

ROINN VIII

SEITHÍ AGUS CRAICNE AMHA, LEATHAR, FIONNADHSHEITHÍ AGUS EARRAÍ DÍOBH; DIALLAITEOIREACHT AGUS ÚMACHA; EARRAÍ TAISTIL, MÁLAÍ LÁIMHE AGUS COIMEÁDÁIN CHOMHCHOSÚLA; EARRAÍ DÉANTA AS INNE AINMHITHE (SEACHAS INNE SEIRICEÁN)

41 SEITHÍ AGUS CRAICNE AMHA (SEACHAS CRAICNE FIONNAIDH) AGUS LEATHAR 339

42 EARRAÍ LEATHAIR; DIALLATRA AGUS ÚMACHA; EARRAÍ TAISTIL, MÁLAÍ LÁIMHE AGUS COIMEÁDÁIN DÁ SAMHAIL; EARRAÍ ATÁ DÉANTA D'INNE AINMHÍ (SEACHAS INNE SEIRICEÁIN) 344

43 CRAICNE FIONNAIDH AGUS FIONNADH SAORGA; EARRAÍ ATÁ MONARAITHE ASTU 347

ROINN IX

ADHMAD AGUS EARRAÍ ADHMAID; FIOGHUAL; CORC AGUS EARRAÍ COIRC; EARRAÍ MONARAITHE ATÁ DÉANTA AS TUÍ, AS EASPARTÓ NÓ AS ÁBHAIR THRILSEACHA EILE; EARRAÍ CISEÁIN AGUS EARRAÍ CAOLADÓIREACHTA

44 ADHMAD AGUS EARRAÍ ATÁ DÉANTA AS ADHMAD; FIOGHUAL 349

45 CORC AGUS EARRAÍ ATÁ DÉANTA AS CORC 363

46 EARRAÍ MONARAITHE ATÁ DÉANTA AS TUÍ, AS EASPARTÓ NÓ AS ÁBHAIR THRILSEACHA EILE; EARRAÍ CISEÁIN AGUS EARRAÍ CAOLADÓIREACHTA 364

Caibidlí Leathanaigh

ROINN X

LAÍON ADHMAID NÓ ÁBHAIR SHNÁITHÍNEACHA CHEALLALÓSACHA EILE; PÁIPÉAR ATHSHLÁNAITHE NÓ CAIRTCHLÁR ATHSHLÁNAITHE (ATÁ DÉANTA AS DRAMHAÍL AGUS FUÍOLL); PÁIPÉAR AGUS CAIRTCHLÁR AGUS NITHE ATÁ DÉANTA ASTU

47 LAÍON ADHMAID NÓ ÁBHAIR SHNÁITHÍNEACHA CHEALLALÓSACHA EILE; PÁIPÉAR ATHSHLÁNAITHE NÓ CAIRTCHLÁR ATHSHLÁNAITHE (ATÁ DÉANTA AS DRAMHAÍL AGUS FUÍOLL) 366

48 PÁIPÉAR AGUS PÁIPÉARCHLÁR; NITHE ATÁ DÉANTA AS LAÍON PÁIPÉIR, AS PÁIPÉAR NÓ AS PÁIPÉARCHLÁR 368

49 LEABHAIR CHLÓITE, NUACHTÁIN, PICTIÚIR AGUS TÁIRGÍ EILE NA TIONSCLAÍOCHTA CLÓDÓIREACHTA; LÁMHSCRÍBHINNÍ, CLÓSCRÍBHINNÍ AGUS PLEANANNA 381

ROINN XI

TEICSTÍLÍ AGUS EARRAÍ TEICSTÍLE

50 SÍODA 390

51 OLANN, FIONNADH AINMHÍOCH MÍN NÓ GARBH; SNÁTH RÓIN AGUS FABRAIC FHITE 392

52 CADÁS 396

53 SNÁITHÍNÍ TEICSTÍLE PLANDÚLA EILE; SNÁTH PÁIPÉIR AGUS FABRAICÍ FITE AS SNÁTH PÁIPÉAR 404

54 AS FILIMÉID DE DHÉANTÚS AN DUINE; STIALL AGUS A LEITHÉIDÍ AS ÁBHAIR TEICSTÍLE DE DHÉANTÚS AN DUINE 407

55 SNÁITHÍNÍ STÁPLACHA DE DHÉANTÚS AN DUINE 411

56 FLOCAS, FEILT AGUS ÁBHAIR NEAMHFHITE; SNÁTHANNA SPEISIALTA; SREANGÁN, TÉADRA, TÉADA AGUS CÁBLAÍ AGUS EARRAÍ ATÁ DÉANTA ASTU 418

57 CAIRPÉID AGUS CLÚDAIGH EILE URLÁIR THEICSTÍLE 422

58 FABRAICÍ FITE SPEISIALTA; FABRAICÍ TEICSTÍLE STOTHACHA; LÁSA; TAIPÉISÍ; CIUMHSÓGA; BRÓIDNÉIREACHTA 425

59 FABRAICÍ TEICSTÍLE ATÁ TUILTE, BRATAITHE, CLÚDAITHE NÓ LANNAITHE; EARRAÍ TEICSTÍLE DE CHINEÁL ATÁ OIRIÚNACH LE HAGHAIDH ÚSÁID TIONSCAIL 428

60 FABRAICÍ CNIOTÁILTE NÓ CRÓISEÁILTE 433

61 BAILL ÉADAIGH AGUS GABHÁLAIS ÉADAIGH, CNIOTÁILTE NÓ CRÓISEÁILTE 436

62 BAILL ÉADAIGH AGUS GABHÁLAIS ÉADAIGH, GAN CNIOTÁIL GAN CRÓISEÁIL 446

63 EARRAÍ TEICSTÍLE RÉDHÉANTA EILE; FOIRNE ÉADAÍ; ÉADAÍ CAITE AGUS EARRAÍ TEICSTÍLE CAITE; CEIRTEACHA 457

ROINN XII

COISBHEART, CEANNBHEART, SCÁTHANNA FEARTHAINNE, SCÁTHANNA GRÉINE, BATAÍ SIÚIL, BATAÍ SUÍOCHÁIN, FUIPEANNA, FUIPEANNA MARCAÍOCHTA AGUS PÁIRTEANNA DÍOBH; CLEITÍ ULLMHAITHE AGUS EARRAÍ A DHÉANTAR LEO SIN; BLÁTHANNA SAORGA; EARRAÍ Ó GHRUAIG DHAONNA

64 COISBHEARTA, LOIRGNEÁIN AGUS A LEITHÉIDÍ; PÁIRTEANNA DE NA HEARRAÍ SIN 462

65 CEANNBHEARTA AGUS PÁIRTEANNA DÍOBH 468

66 SCÁTHANNA FEARTHAINNE, SCÁTHANNA GRÉINE, BATAÍ SIÚIL, BATAÍ SUÍOCHÁIN, FUIPEANNA, FUIPEANNA MARCAÍOCHTA AGUS PÁIRTEANNA DÍOBH 469

67 CLEITÍ AGUS CLÚMH ULLMHAITHE AGUS EARRAÍ ATÁ DÉANTA AS CLEITÍ NÓ AS CLÚMH; BLÁTHANNA SAORGA; EARRAÍ ATÁ DÉANTA AS GRUAIG DHAONNA 470

Caibidlí Leathanaigh

ROINN XIII

EARRAÍ CLOICHE, PLÁSTAIR, STROIGHNE, AISPEISTE, MÍOCA NÓ ÁBHAIR CHOMHCHOSÚLA; TÁIRGÍ CEIRMEACHA; GLOINE AGUS EARRAÍ GLOINE

68 EARRAÍ DÉANTA AS CLOCH, AS PLÁSTAR, AS STROIGHIN, AS AISPEIST, AS MÍOCA NÓ AS ÁBHAIR CHOMHCHOSÚLA 472

69 TÁIRGÍ CEIRMEACHA 477

70 GLOINE AGUS EARRAÍ GLOINE 481

ROINN XIV

PÉARLAÍ NÁDÚRTHA NÓ SAOTHRAITHE, CLOCHA LÓMHARA NÓ LEATHLÓMHARA, MIOTAIL LÓMHARA, MIOTAIL CUMHDAITHE LE MIOTAL LÓMHAR, AGUS EARRAÍ DÍOBH; SEODRA BRÉIGE; BOINN

71 PÉARLAÍ NÁDÚRTHA NÓ SAOTHRAITHE, CLOCHA LÓMHARA NÓ LEATHLÓMHARA, MIOTAIL LÓMHARA, MIOTAIL CUMHDAITHE LE MIOTAIL LÓMHARA, AGUS EARRAÍ DÍOBH; SEODRA BRÉIGE; BOINN AIRGID 490

ROINN XV

TÁIRMHIOTAIL AGUS EARRAÍ TÁIRMHIOTAIL

72 IARANN AGUS CRUACH 499

73 EARRAÍ DÉANTA AS IARANN NÓ AS CRUACH 522

74 COPAR AGUS EARRAÍ DÉANTA AS COPAR 534

75 NICIL AGUS EARRAÍ DÉANTA DE NICIL 539

76 ALÚMANAM AGUS EARRAÍ DÉANTA AS ALÚMANAM 541

77 (*FORCHOIMEÁDTA LE HAGHAIDH ÚSÁIDE FÉIDEARTHA AMACH ANSEO*)

78 LUAIDHE AGUS EARRAÍ DÉANTA AS LUAIDHE 546

79 SINC AGUS EARRAÍ DÉANTA AS SINC 548

80 STÁN AGUS EARRAÍ EILE DÉANTA AS STÁN 549

81 TÁIRMHIOTAIL EILE; CEIRMÉID; EARRAÍ DÉANTA AS TÁIRMHIOTAIL EILE NÓ AS CEIRMÉID 550

82 UIRLISÍ, GIÚIRLÉIDÍ, SCEANRA, SPÚNÓGA AGUS FOIRC, IAD DÉANTA AS TAIRMHIOTAL; CODANNA DÍOBH DÉANTA AS TÁIRMHIOTAIL 554

83 EARRAÍ ILGHNÉITHEACHA DE THÁIRMHIOTAL 560

ROINN XVI

INNEALRA AGUS FEARAIS MHEICNIÚLA; TREALAMH LEICTREACH; PÁIRTEANNA DÍOBH; TAIFEADÁIN AGUS ATÁIRGEOIRÍ FUAIME, TAIFEADÁIN AGUS ATÁIRGEOIRÍ ÍOMHÁ AGUS FUAIME TEILIFÍSE, AGUS PÁIRTEANNA AGUS GABHÁLAIS D'EARRAÍ DEN SÓRT SIN

84 IMOIBREOIRÍ NÚICLÉACHA, COIRÍ, INNEALRA AGUS FEARAIS MHEICNIÚLA; PÁIRTEANNA DÍOBH SIN .. 565

85 INNEALRA AGUS TREALAMH LEICTREACH AGUS PÁIRTEANNA DÍOBH; TAIFEADÁIN AGUS ATÁIRGEOIRÍ FUAIME, TAIFEADÁIN AGUS ATÁIRGEOIRÍ ÍOMHÁNNA AGUS FUAIME TEILIFÍSE, PÁIRTEANNA AGUS GABHÁLAIS DE NA HEARRAÍ SIN 614

Caibidlí Leathanaigh

ROINN XVII

FEITHICLÍ, AERÁRTHAÍ, SOITHÍ AGUS TREALAMH IOMPAIR GAOLMHAR

86 INNILL IARNRÓID NÓ TRAMBHEALAIGH, ROTHSTOC AGUS PÁIRTEANNA DÍOBH; DAINGNEÁIN AGUS FEISTIS RIAIN IARNRÓID NÓ TRAMBHEALAIGH AGUS PÁIRTEANNA DÍOBH; TREALAMH MEICNIÚIL (LENA NÁIRÍTEAR LEICTRIMEICNIÚIL) COMHARTHAÍOCHTA TRÁCHTA DE GACH CINEÁL 646

87 FEITHICLÍ SEACHAS ROTHSTOC IARNRÓID NÓ TRAMBHEALAIGH, AGUS PÁIRTEANNA AGUS GABHÁLAIS DÍOBH 649

88 AERÁRTHAÍ, SPÁSÁRTHAÍ, AGUS PÁIRTEANNA DÍOBH 664

89 LONGA, BÁID AGUS DÉANMHAIS SNÁMHACHA 667

ROINN XVIII

IONSTRAIMÍ AGUS GAIRIS OPTÚLA, FHÓTAGRAFACHA, CHINEAMATAGRAFACHA, TOMHAIS, SEICEÁLA, BHEACHT-TOMHAIS, LEIGHIS NÓ MHÁINLIACHTA; CLOIG AGUS UAIREADÓIRÍ; UIRLISÍ CEOIL; PÁIRTEANNA AGUS GABHÁLAIS DÍOBH

90 UIRLISÍ AGUS GLÉASRA OPTÚIL, FÓTAGRAFACH, CINEAMATAGRAFACH, TOMHAIS, SEICEÁLA, BEACHT-TOMHAIS, MÍOCHAINE NÓ MÁINLIACHTA; PÁIRTEANNA AGUS GABHÁLAIS DÍOBH 670

91 CLOIG AGUS UAIREADÓIRÍ AGUS PÁIRTEANNA DÍOBH 684

92 UIRLISÍ CEOIL; PÁIRTEANNA AGUS GABHÁLAIS D'EARRAÍ DEN SÓRT SIN 688

ROINN XIX

AIRM AGUS ARMLÓN; PÁIRTEANNA AGUS GABHÁLAIS DÍOBH

93 AIRM AGUS ARMLÓN; PÁIRTEANNA AGUS GABHÁLAIS DÍOBH 691

ROINN XX

EARRAÍ MONARAITHE ILGHNÉITHEACHA

94 TROSCÁN; CÓIR LEAPA, TOCHTANNA, TACAÍ TOCHTA, CÚISÍNÍ AGUS FEISTIS LÍONTA COMHCHOSÚLA; SOILSE AGUS FEISTIS SOILSE, NACH BHFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE; COMHARTHAÍ SOILSITHE, AINMCHLÁIR SHOILSITHE AGUS A LEITHÉIDÍ; FOIRGNIMH RÉAMHDHÉANTA 693

95 BRÉAGÁIN, CLUICHÍ AGUS GAIRIS SPÓIRT; PÁIRTEANNA AGUS GABHÁLAIS DÍOBH 699

96 EARRAÍ MONARAITHE ILGHNÉITHEACHA 705

ROINN XXI

SAOTHAIR EALAÍNE, EARRAÍ INBHAILITHE AGUS SEANDACHTAÍ

97 SAOTHAIR EALAÍNE, EARRAÍ BAILITHEOIRÍ AGUS SEANDACHTAÍ 711

98 GLÉASRA IOMLÁN TIONSCAIL 714

99 CÓID SPEISIALTA AINMNÍOCHTA COMHCHEANGAILTE 717

Caibidlí Leathanaigh

CUID A TRÍ — IARSCRÍBHINNÍ NA DTARAIF

ROINN I — IARSCRÍBHINNÍ TALMHAÍOCHTA

Leathanaigh

IARSCRÍBHINN 1 COMHPHÁIRTEANNA TALMHAÍOCHTA (EA), DLEACHTANNA BREISE LE hAGHAIDH SIÚCRA (AD S/Z) AGUS DLEACHTANNA BREISE LE hAGHAIDH PLÚIR (AD F/M) 723

IARSCRÍBHINN 2 TÁIRGÍ A BHFUIL FEIDHM AG PRAGHAS IONTRÁLA INA LEITH 739

ROINN II — LIOSTAÍ NA SUBSTAINTÍ CÓGAISÍOCHTA A CHÁILÍONN MAR SHUBSTAINTÍ A NDÉILEÁILTEAR LEO AR BHONN SAOR Ó DHLEACHT

IARSCRÍBHINN 3 LIOSTA AINMNEACHA NEAMHDHÍLSEÁNAIGH IDIRNÁISIÚNTA (ANINNA), ARNA SOLÁTHAR AG AN EAGRAÍOCHT DHOMHANDA SLÁINTE LE hAGHAIDH SUBSTAINTÍ CÓGAISÍOCHTA, ATÁ SAOR Ó DHLEACHT 772

IARSCRÍBHINN 4 LIOSTA NA RÉIMÍREANNA AGUS NA N-IARMHÍREANNA LENA dTUAIRISCÍTEAR, I GCOMHCHEANGAL LEIS NA ANINNA IN IARSCRÍBHINN 3, SALAINN, EISTIR NÓ HIODRÁITÍ D'ANINNA TÁ NA SALAINN, NA HEISTIR AGUS NA HIODRÁITÍ SIN SAOR Ó DHLEACHT, AR CHOINNÍOLL GUR FÉIDIR IAD A AICMIÚ FAOIN BHFO-CHEANNTEIDEAL CC SÉ DHIGIT CÉANNA LEIS AN ANI COMHFHREAGRACH 984

IARSCRÍBHINN 5 SALAINN, EISTIR AGUS HIODRÁITÍ ANIANNA NACH NAICMÍTEAR FAOIN TEIDEAL CC CÉANNA LEIS NA HANIANNA COMHFHREAGRACHA ATÁ SAOR Ó DHLEACHT 998

IARSCRÍBHINN 6 LIOSTA DE THÁIRGÍ IDIRMHEÁNACHA CÓGAISÍOCHTA, I.E. COMHDHÚILE DE CHINEÁL A ÚSÁIDTEAR CHUN TÁIRGÍ CÓGAISÍOCHTA CRÍOCHNAITHE A MHONARÚ, ATÁ SAOR Ó DHLEACHT 1002

ROINN III

IARSCRÍBHINN 7 (*FORCHOIMEÁDTA LE HAGHAIDH ÚSÁIDE FÉIDEARTHA AMACH ANSEO*) 1061

ROINN IV — CÓIREÁIL FHABHRACH TARAIFE DE BHARR CHINEÁL NA NEARRAÍ

IARSCRÍBHINN 8 EARRAÍ ATÁ MÍ-OIRIÚNACH LENA GCAITHEAMH 1065

IARSCRÍBHINN 9 DEIMHNITHE 1070

ROINN V

IARSCRÍBHINN 10 CÓID STAIDRIMH TARIC 1083

CUID A HAON

RÉAMHFHORÁLACHA

ROINN I

RIALACHA GINEARÁLTA

A. Rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte

Rialófar aicmiú earraí san Ainmníocht Chomhcheangailte leis na prionsabail seo a leanas:

1. Ní sholáthraítear ceannteidil ranna, caibidlí agus fochaibidlí ach amháin chun tagairt dóibh a éascú; chun críocha dleathacha, déanfar aicmiú a chinneadh de réir théarmaí na gceannteideal agus aon roinn ábhartha nó aon nóta caibidle ábhartha agus, ar choinníoll nach gceanglaítear a mhalairt leis na ceannteidil nó leis na nótaí sin, de réir na bhforálacha seo a leanas.

2. a) Tuigfear le haon tagairt i gceannteideal d'airteagal go n-áireofar léi tagairt don airteagal sin agus é neamhiomlán nó neamhchríochnaithe, ar choinníoll, mar a chuirtear i láthair é, go mbeidh saintréithe fíor-riachtanacha an airteagail iomláin nó an airteagail chríochnaithe ag an airteagal neamhiomlán nó neamhchríochnaithe. Tuigfear freisin go n-áireofar léi tagairt don airteagal iomlán nó don airteagal críochnaithe sin (nó d'airteagal a bheidh le haicmiú mar airteagal iomlán nó airteagal críochnaithe de bhua na rialach sin), agus é á chur láthair ina airteagal neamhchóimeáilte nó díchóimeáilte.

   b) Tuigfear le haon tagairt i gceannteideal d'ábhar nó do shubstaint go n-áireofar léi tagairt do mheascáin nó do theaglamaí den ábhar sin nó den tsubstaint sin le hábhair nó substaintí eile. Tuigfear le haon tagairt d'earraí atá déanta as ábhar ar leith nó substaint ar leith go n-áireofar léi tagairt d'earraí arb é atá iontu go hiomlán nó go páirteach an t-ábhar nó an tsubstaint sin. Déanfar aicmiú earraí arb é atá iontu breis agus aon ábhar nó aon substaint amháin de réir phrionsabail riail 3.

3. Nuair is amhlaidh, trí riail 2(b) a chur i bhfeidhm nó ar aon chúis eile, gurb inaicmithe earraí prima facie faoi dhá cheannteideal nó níos mó, is mar a leanas a chuirfear an t-aicmiú i bhfeidhm:

   a) tabharfar tús áite don cheannteideal lena dtugtar an tuairisc is sonraí seachas do cheannteidil lena soláthraítear tuairisc níos ginearálta. Nuair nach ndéantar tagairt, áfach, le gach ceann de dhá cheannteideal nó níos mó, ach amháin do chuid de na hábhair nó de na substaintí atá in earraí measctha nó earraí ilchodacha nó do chuid de na hítimí i dtacar atá cóirithe lena miondíol, measfar na ceannteidil sin mar cheannteidil atá chomh sonrach le chéile i ndáil leis na hearraí sin, fiú má thugtar tuairisc níos iomláine nó níos beaichte ar na hearraí sin le ceann amháin de na ceannteidil sin;

   b) maidir le meascáin, earraí ilchodacha arb é atá iontu ábhair dhifriúla nó atá déanta de chomhpháirteanna difriúla, agus earraí atá cóirithe i dtacair lena miondíol, nach féidir a n-aicmiú faoi threoir 3(a), aicmeofar iad amhail is gurb é atá iontu ábhar nó comhpháirt lena dtugtar a saintréithe fíor-riachtanacha dóibh, a mhéid is infheidhme an critéar sin;

   c) i gcás nach féidir earraí a aicmiú faoi threoir 3(a) nó (b), aicmeofar iad faoin gceannteideal deiridh de réir ord uimhriúil ina measc siúd lena mbaineann fiúntas comhionann le hiad a bhreithniú.

4. Maidir le hearraí nach féidir a aicmiú i gcomhréir leis na rialacha thuas, aicmeofar iad faoin gceannteideal iomchuí a bhaineann leis na hearraí is cosúla leo.

5. I dteannta na bhforálacha thuasluaite, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir leis na hearraí dá dtagraítear iontu:

   a) maidir le cásanna ceamara, cásanna uirlisí ceoil, cásanna gunnaí, cásanna uirlisí líníochta, cásanna muince agus coimeádáin chomhchosúla, a shainchumtar nó a shainfheistítear chun earra sonrach nó tacar earraí a choimeád, ar rud é atá oiriúnach lena n-úsáid go fadtéarmach agus a chuirtear i láthair in éineacht leis na hearraí dá mbeartaítear iad, aicmeofar iad leis na hearraí sin nuair is de chineál iad a dhíoltar in éineacht leo de ghnáth. Ní infheidhme an riail sin, áfach, maidir le coimeádáin is saintréith d'iomlán an earra;

b) faoi réir fhorálacha riail 5(a), maidir le pacáistíocht agus coimeádáin phacála ([1]) a chuirtear i láthair in éineacht leis na hearraí atá iontu, aicmeofar iad in éineacht leis na hearraí más de chineál iad a úsáidtear de ghnáth chun na hearraí sin a phacáil. Ní bheidh an fhoráil sin ina ceangal áfach nuair is soiléir gurb oiriúnach na hábhair phacála sin nó na coimeádáin phacála sin lena n-úsáid arís is arís eile.

6. Chun críocha dleathacha, déanfar aicmiú na n-earraí i bhfo-cheannteidil a chinneadh de réir théarmaí na bhfo-cheannteideal sin agus aon nóta fo-cheannteidil ghaolmhair agus, *mutatis mutandis*, de réir na rialacha thuas, ar an tuiscint nach inchomparáide ach fo-cheannteidil atá ar an leibhéal céanna. Chun críocha na rialach sin, is infheidhme an roinn ábhartha agus na nótaí caibidle ábhartha freisin, ach amháin i gcás ina gceanglaítear a mhalairt leis an gcomhthéacs.

B. Rialacha ginearálta a bhaineann le dleachtanna

1. Maidir leis na dleachtanna custaim is infheidhme maidir le hearraí allmhairithe de thionscnamh tíortha is Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil nó lenar thug an tAontas Eorpach comhaontuithe i gcrích ina bhfuil clásal taraife an náisiúin bharrfhabhair, is iad na dleachtanna caighdeánacha a léirítear i gcolún 3 de sceideal na ndleachtanna a bheidh sna dleachtanna custaim sin. Ach amháin i gcás ina gceanglaítear a mhalairt leis an gcomhthéacs, is infheidhme na dleachtanna caighdeánacha sin maidir le hearraí, seachas na hearraí sin dá dtagraítear thuas, a allmhairítear ó aon tríú tír.

   Is infheidhme na rátaí caighdeánacha dleachta a chuirtear ar fáil arís i gcolún 3 ó 1 Eanáir 2024.

   Nuair is ísle rátaí uathrialacha dleachta ná na rátaí caighdeánacha dleachta, is infheidhme na dleachtanna uathrialacha a léirítear trí bhíthin fonóta.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás ina bhforáiltear maidir le dleachtanna uathrialacha speisialta i leith earraí de thionscnamh tíortha áirithe nó i gcás inarb infheidhme dleachtanna custaim tosaíochta de bhun comhaontuithe.

3. Ní chuirfear bac le míreanna 1 agus 2 ar na Ballstáit dleachtanna custaim a chur i bhfeidhm seachas dleachtanna na Comhtharaife Custaim i gcás ina mbeidh údar le cur i bhfeidhm na ndleachtanna eile sin le dlí an Aontais Eorpaigh.

4. Dleachtanna *ad valorem* is ea na dleachtanna a shloinntear mar rátaí céatadáin.

5. Léirítear leis an tsiombail 'EA' go bhfuil na hearraí lena mbaineann inmhuirearaithe le 'comhpháirt talmhaíochta' arna socrú i gcomhréir le hIarscríbhinn 1.

6. Léirítear leis an tsiombail 'AD S/Z' nó 'AD F/M' i gCaibidlí 17 go 19 gurb é atá san uasráta dleachta dleacht *ad valorem* móide dleacht bhreise le haghaidh foirmeacha áirithe siúcra nó le haghaidh plúir. Socraítear an dleacht bhreise sin i gcomhréir le forálacha Iarscríbhinn 1.

7. I gCaibidil 22, ciallaíonn an tsiombail '€ /% vol/hl' go bhfuil dleacht shonrach, a shloinntear in euro, le ríomh le haghaidh gach céatadáin de thoirt an alcóil in aghaidh an heictilítir. Dá bhrí sin, is mar a leanas a mhuirearófar deoch ina bhfuil cion alcóil 40 % de réir toirte:

   — '€ 1/% vol/hl' = € 1 × 40, lena dtugtar dleacht € 40 in aghaidh an heictilítir, nó

   — '€ 1/% vol/hl + € 5/hl' = € 1 × 40 móide € 5, lena dtugtar dleacht € 45 in aghaidh an heictilítir.

   I gcás, ina theannta sin, ina léirítear íosluach (MIN), mar shampla '€ 1,6/ % vol/hl MIN € 9/hl', ciallaíonn sé go bhfuil an dleacht, a ríomhtar ar bhonn na rialach thuas, le cur i gcomparáid leis an íosdleacht, mar shampla '€ 9/hl', agus go bhfuil an ceann is airde den dá dhleacht le cur i bhfeidhm.

([1]) Ciallaíonn na téarmaí 'pacáistíocht' agus 'coimeádáin phacála' aon choimeádán inmheánach nó seachtrach, gabhdán, clúdach nó taca seachas gléasanna iompair (coimeádáin iompair mar shampla), tarpóil, tácla nó trealamh coimhdeach iompair. Leis an téarma 'coimeádáin phacála' ní chumhdaítear na coimeádáin dá dtagraítear i riail ghinearálta 5(a).

8. I gcás, i gCaibidlí 17 go 19 agus 21, ina léirítear uasluach (MAX), mar shampla '(9 + EA) MAX (24,2 + AD S/Z)', ciallaíonn sé nach bhféadfaidh an dleacht a ríomhtar le 9 % a chur léi agus an 'chomhpháirt talmhaíochta' (EA) a bheith níos mó ná suim an 24,2 % ná an dleacht bhreise ar shiúcra ('AD S/Z').

C. Rialacha ginearálta is infheidhme maidir leis an ainmníocht agus le dleachtanna araon

1. Mura bhforáiltear a mhalairt, cuirfear na forálacha a bhaineann le luach custaim i bhfeidhm chun a chinneadh, sa bhreis ar an luach chun dleachtanna custaim *ad valorem* a mheasúnú, na luachanna a ndéantar raon feidhme ceannteideal áirithe nó fo-cheannteideal áirithe a shainmhíniú faoina dtreoir.

2. Maidir leis an meáchan indleachta, i gcás earraí is inmhuirearaithe de réirr meáchain, agus i gcás na meáchan, a ndéantar raon feidhme ceannteideal áirithe nó fo-cheannteideal áirithe a shainmhíniú faoina dtreoir, tuigfear gurb iad:

   a) i gcás tagartha do 'ollmheáchan', meáchan comhiomlán na n-earraí agus na pacáistíochta agus na gcoimeádán pacála uile;

   b) i gcás tagartha do 'ghlanmheáchan', nó díreach do 'mheáchan' gan cháiliú, meáchan na n-earraí iad féin gan phacáistíocht ná coimeádáin phacála d'aon chineál.

3. Maidir le coibhéis an euro in airgeadraí náisiúnta, do Bhallstáit seachas na Ballstáit rannpháirteacha mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 974/98 ón gComhairle ([1]) (dá ngairfear 'na Ballstáit neamh-rannpháirteacha' anseo feasta), socrófar í i gcomhréir le hAirteagal 53 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ([2]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

4. Earraí is incháilithe le haghaidh cóireáil fhabhrach taraife de bharr a n-úsáide deiridh:

   I gcás nach ísle an dleacht ar allmhairí is infheidhme faoi na socruithe maidir le húsáid deiridh, a bhaineann le hearraí le haghaidh úsáid deiridh shonrach, ná an dleacht ar allmhairí arbh infheidhme murach sin maidir leis na hearraí, aicmeofar na hearraí sin sa chód lena dtagraítear don úsáid deiridh agus ní bheidh feidhm ag hAirteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

([1]) IO L 139, 11.5.1998, lch. 1.
([2]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

ROINN II

FORÁLACHA SPEISIALTA

A. Earraí le haghaidh catagóirí áirithe long, bád agus soithí eile agus le haghaidh ardáin druileála nó táirgeachta.

1. Cuirfear dleachtanna custaim ar fionraí i leith earraí a bheartaítear a úsáid mar chuid de na longa, de na báid nó de shoithí eile a liostaítear sa sceideal seo a leanas, chun iad a thógáil, a dheisiú, a chothabháil nó a athrú, agus i leith earraí a bheartaítear a fheistiú ar na longa, ar na báid nó ar shoithí eile den sórt sin nó lena mbeartaítear iad a threalmhú.

2. Cuirfear dleachtanna custaim ar fionraí i leith:

a) earraí a bheartaítear a úsáid mar chuid d'ardáin druileála nó táirgeachta:

1) feistithe, atá faoi fhocheannteideal ex 8430 49, a oibrítear laistigh nó lasmuigh d'uiscí teorann na mBallstát, nó

2) ardáin shnámhacha nó intumtha, faoi fho-cheannteideal 8905 20,

chun iad a thógáil a dheisiú, a chothabháil nó a athrú, agus i leith earraí a bheartaítear a úsáid chun na hardáin sin a threalmhú.

Maidir leis na hearraí sin amhail breosla, bealaí agus gás, earraí is gá chun meaisíní agus gairis a oibriú nach ndéanann difear buan dóibh, agus nach páirteanna bunúsacha de na hardáin iad agus a úsáidtear ar bord chun na hardáin sin a thógáil, a dheisiú, a chothabháil, a athrú nó a threalmhú, meastar freisin go n-úsáidtear iad chun iad a chur mar chuid d'ardáin druileála nó táirgeachta;

b) feadáin, píopaí, cáblaí agus a bpíosaí ceangail, lena nasctar na hardáin druileála nó táirgeachta sin leis an mórthír.

Cód AC	Tuairisc
8901	**Longa cúrsála, báid turais, báid farantóireachta, longa lastais, báirsí agus soithí comhchosúla chun daoine nó earraí a iompar**
8901 10	– **Longa cúrsála, báid turais agus soithí cosúla arna ndearadh go príomha chun daoine a iompar; gach cineál bád farantóireachta**
8901 10 10	–– Soithí muirghabhála
8901 20	– **Tancaeir**
8901 20 10	–– Soithí muirghabhála
8901 30	– **Soithí cuisnithe, seachas iad sin atá faoi fho-cheannteideal 8901 20**
8901 30 10	–– Soithí muirghabhála
8901 90	– **Soithí eile chun earraí a iompar agus soithí eile chun daoine agus earraí araon a iompar**
8901 90 10	–– Soithí muirghabhála
8902 00	**Soithí iascaireachta; longa monarchan agus soithí eile chun táirgí iascaigh a phróiseáil nó a leasú**
8902 00 10	– Soithí muirghabhála

Cód AC	Tuairisc
8903	**Luaimh agus soithí eile do phléisiúr nó spóirt; báid rámhaíochta agus canúnna**
	– **Báid seoil, seachas báid inséidte, bíodh mótar cúnta iontu nó ná bíodh**
8903 22	–– **Is mó ná 7,5 m ar fad ach nach mó ná 24 m ar fad**
8903 22 10	––– Soithí muirghabhála
8903 23	–– **Is mó ná 24 m ar fad**
8903 23 10	––– Soithí muirghabhála
	– **Báid innill, seachas báid inséidte, gan báid innill a bhfuil inneall transaim orthu san áireamh**
8903 32	–– **Is mó ná 7,5 m ar fad ach nach mó ná 24 m ar fad**
8903 32 10	––– Soithí muirghabhála
8903 33	–– **Is mó ná 24 m ar fad**
8903 33 10	––– Soithí muirghabhála
8904 00	**Tugaí agus brúshoithí**
8904 00 10	– Tugaí
	– Brúshoithí
8904 00 91	–– Soithí muirghabhála
8905	**Soithí éadroma, raftaí dóiteáin, dreidirí, craenacha snámhacha agus soithí eile a bhfuil a n-inseoltacht ina bhfofheidhm dá bpríomhfheidhm; duganna snámhacha; ardáin shnámhacha nó intumtha druileála nó táirgeachta**
8905 10	– **Dreidirí**
8905 10 10	–– Soithí muirghabhála
8905 90	– **Eile**
8905 90 10	–– Soithí muirghabhála
8906	**Soithí eile lena n-áirítear longa cogaidh agus báid tarrthála seachas báid rámhaíochta**
8906 10 00	– **Longa cogaidh**
8906 90	– **Eile**
8906 90 10	–– Soithí muirghabhála

3. Beidh na fionraíochtaí faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais Eorpaigh d'fhonn úsáid na n-earraí sin a rialú ó thaobh custaim de.

B. Aerárthaí sibhialta agus earraí a bhfuiltear lena n-úsáid in aerárthaí sibhialta

1. Foráiltear maidir le faoisimh ó dhleachtchustaim le haghaidh na nithe seo a leanas:

— aerárthaí sibhialta,

— earraí áirithe a bhfuiltear lena n-úsáid in aerárthaí sibhialta agus lena n-úsáid mar chuid díobh le linn mhonarú, dheisiú, chothabháil, atógáil, mhodhnú nó athrú na n-aerárthaí sin,

— feistí oiliúna ionsamhalta eitilte agus a bpáirteanna, le haghaidh úsáid shibhialta.

Cumhdaítear na hearraí sin le ceannteidil agus le fo-cheannteidil a liostaítear i dtáblaí i mír 5.

2. Chun críocha mhír 1, an chéad fhleasc agus an dara fleasc, ciallaíonn 'aerárthaí sibhialta' aerárthaí seachas aerárthaí a úsáidtear i seirbhísí míleata nó seirbhísí comhchosúla sna Ballstáit agus ar a bhfuil clárúchán míleata nó clárúchán neamhshibhialta.

3. Chun críocha mhír 1:an dara fleasc, áireofar leis an nath 'a bhfuiltear lena n-úsáid in aerárthaí sibhialta' earraí atá le húsáid i bhfeistí oiliúna ionsamhalta eitilte le haghaidh úsáid shibhialta.

4. Beidh faoiseamh ó dhleacht custaim faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais Eorpaigh d'fhonn úsáid na n-earraí sin a rialú ó thaobh custaim de (féach Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013).

Ní bheidh feidhm ag na coinníollacha sin áfach i gcásanna ina dtagann aerárthaí sibhialta faoi fho-cheannteidil 8802 11, 8802 12, 8802 20, 8802 30, 8802 40 a iontráladh go cuí ar chlár Ballstáit nó tríú tír i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta dar dáta an 7 Nollaig 1944 agus ina ndéantar tagairt sa dearbhú custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht a ghabhann leis an deimhniú clárúcháin ábhartha.

Beidh feidhm ag Réamhfhorálacha CN, Roinn I – Rialacha Ginearálta, pointe C. 4. *mutatis mutandis*.

5. Cumhdaítear earraí is incháilithe don fhaoiseamh sin ó dhleachtanna custaim leis na ceannteidil nó leis na fo-cheannteidil seo a leanas:

3917 40, 4011 30, 4012 13, 4012 20, 7324 10, 7326 20, 8302 10, 8302 20, 8302 42, 8302 49, 8302 60, 8407 10, 8408 90, 8409 10, 8411, 8412 10, 8412 21, 8412 29, 8412 31, 8412 39, 8412 80 80, 8412 90, 8413 19, 8413 20, 8413 30, 8413 50, 8413 60, 8413 70, 8413 81, 8413 91, 8414 10, 8414 20, 8414 30, 8414 51, 8414 59, 8414 80, 8414 90, 8415 81, 8415 82, 8415 83, 8418 10, 8418 30, 8418 40, 8418 61, 8418 69, 8419 50, 8419 81, 8421 19, 8421 21, 8421 23, 8421 29, 8421 31, 8421 32, 8421 39, 8424 10, 8479 90, 8483 10, 8483 30, 8483 40, 8483 50, 8483 60, 8483 90, 8484 10, 8484 90, 8501 32, 8501 52, 8501 61, 8501 62, 8501 63, 8502, 8504 10, 8504 31, 8504 32, 8504 33, 8504 40, 8504 50, 8507, 8511 10, 8511 20, 8511 30, 8511 40, 8511 50, 8511 80, 8518 10, 8518 22, 8518 29, 8518 30, 8518 40, 8518 50, 8519 81, 8521 10, 8526, 8528 52, 8529 10, 8531 10 95, 8531 20, 8531 80, 8539 10, 8544 30, 8801, 8802 11, 8802 12, 8802 20, 8802 30, 8802 40, 8806 10, 8806 21, 8806 22, 8806 23, 8806 24, 8806 29, 8806 91, 8806 92, 8806 93, 8806 94, 8806 99, 8807 10, 8807 20, 8807 30, 8807 90, 9001 90, 9002 90, 9014 10, 9025, 9029 20 38, 9030 31, 9030 33, 9030 89, 9032, 9104.

Le haghaidh na bhfo-cheannteideal seo a leanas, ní dheonaítear faoiseamh ó dhleachtanna custaim le haghaidh táirgí a bhfuiltear lena n-úsáid in aerárthaí sibhialta ach amháin le haghaidh na n-earraí a thuairiscítear sa dara colún:

Fo-cheannteideal	**Tuairisc**
3917 21 90, 3917 22 90, 3917 23 90, 3917 29 00, 3917 31, 3917 33, 3917 39 00, 7413 00, 8307 10, 8307 90	Agus feistis greamaithe díobh
4008 29	Cruthanna próifíle, gearrtha ar thomhas
4009 12, 4009 22, 4009 32, 4009 42	Oiriúnach chun gáis nó leachtanna a iompar
3926 90, 4016 10, 4016 93, 4016 99	Le haghaidh úsáideanna teicniúla
4504 90	Gaiscéid, leicneáin agus séalaí eile
6812 80	Seachas éadaí, gabhálais éadaigh, coisbheart, ceannbheart, páipéar, cairtphár, feilt nó siúntáil shnáithín comhbhrúite aispeiste, ina leatháin nó ina rollaí
6812 99	Seachas páipéar, cairtphár, feilt; Seachas siúntáil shnáithín comhbhrúite aispeiste, ina leatháin nó ina rollaí
6813 20, 6813 81, 6813 89	De bhunús aispeiste nó substaintí mianrúla eile
7007 21	Gaothscátha, gan fráma
7322 90	Aerthéitheoirí agus dáileoirí aeir the (gan páirteanna díobh san áireamh)

7324 90	Earraí sláintíochta (gan páirteanna díobh san áireamh)
7608 10, 7608 20	Agus feistis greamaithe díobh, atá oiriúnach chun gáis nó leachtanna a iompar
8108 90	Feadáin agus píobáin, agus feistis greamaithe díobh, atá oiriúnach chun gáis nó leachtanna a iompar
8415 90	De mheaisíní aerchóiriúcháin faoi fho-cheannteideal 8415 81, 8415 82 nó 8415 83
8419 90	Páirteanna d'aonaid teasmhalartaithe
8479 89	Ceallraí hidrineomatacha; gníomhróirí meicniúla le haghaidh cúlsánna; aonaid leithreas atá saindeartha; taisirí aeir agus díthaisirí aeir; seirbhimheicníochtaí, neamhleictreacha; mótair dhúisithe neamhleictreacha; dúisitheoirí aeroibrithe le haghaidh inneall turbascairde, turbailián agus gástuirbíní eile; cuimilteoirí gaothscátha, neamhleictreacha; rialtóirí liáin, neamhleictreacha
8501 20, 8501 40	D'aschur is mó ná 735 W ach nach mó ná 150 kW
8501 31	D'aschur is mó ná 735 W, gineadóirí DC
8501 33	Mótair d'aschur nach mó ná 150 kW agus gineadóirí
8501 34	Gineadóirí d'aschur is mó ná 375 kW
8501 51	D'aschur is mó ná 735 kW
8501 53	D'aschur nach mó ná 150 kW
8501 72	D'aschur is mó ná 735 kW
8501 80	D'aschur nach mó ná 750 kW
8516 80 20	Nach gcóimeáiltear ach le foirmeán simplí inslithe agus naisc leictreacha, a úsáidtear le haghaidh frith-oighriú nó dí-oighriú
8522 90	Cóimeálacha agus fochóimeálacha arb é atá iontu dhá pháirt nó níos mó nó píosaí atá daingnithe nó ceangailte le chéile, le haghaidh ghaireas fho-cheannteideal 8519 81
8529 90	Cóimeálacha agus fochóimeálacha arb é atá iontu dhá pháirt nó níos mó nó píosaí atá daingnithe nó ceangailte le chéile, le haghaidh ghaireas fho-cheannteideal 8526
8536 70	Nascóirí plaisteacha le haghaidh snáithíní optúla, cuacha de shnáithíní optúla nó cáblaí
8543 70 90	Sioncróirí leictreacha agus trasduchtóirí; díreoiteoirí agus dínéaltóirí a bhfuil friotóirí leictreacha acu
9020 00	Gan páirteanna a áireamh
9029 10	Áiritheoirí imrothluithe leictreacha nó leictreonacha
9029 90	Áiritheoirí imrothluithe, táscairí luais agus tacaiméadair
9109 10, 9109 90	Nach mó ná 50 mm ar leithead nó nach mó ná 50 mm a dtrastomhas
9405 11, 9405 19, 9405 61, 9405 69	Atá déanta as plaistigh nó as táirmhiotal
9405 92, 9405 99	Atá déanta as na hearraí atá faoi fho-cheannteideal 9405 11, 9405 19, 9405 61 nó 9405 69, as plaistigh nó as táirmhiotal

6. Tá na hearraí a shonraítear i mír 5 ionchorpraithe in TARIC le fo-cheannteidil lena ngabhann fonóta tagartha sna téarmaí seo a leanas: 'Maidir le hiontráil a dhéanamh faoin bhfo-cheannteideal seo tá sé faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais Eorpaigh (féach Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013)'.

   Le haghaidh na bhfo-cheannteideal 8802 11, 8802 12, 8802 20, 8802 30, 8802 40, is éard atá le léamh san fhonóta tagartha:

   'Maidir le hiontráil a dhéanamh faoin bhfo-cheannteideal seo, tá sé faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais Eorpaigh (féach Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013). Ní bheidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas i gcásanna inar iontráladh aerárthaí sibhialta go cuí ar chlár Ballstáit nó tríú tír i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta dar dáta an 7 Nollaig 1944 agus ina ndéantar tagairt sa dearbhú custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht a ghabhann leis an deimhniú clárúcháin ábhartha.'

C. Táirgí cógaisíochta

1. Soláthraítear faoiseamh ó dhleacht chustaim le haghaidh tháirgí cógaisíochta na gcatagóirí seo a leanas:

   1) substaintí cógaisíochta a chumhdaítear le CAS RN (uimhreacha chláraithe na seirbhíse achoimreachtaí ceimiceán) agus leis na hainmneacha neamhdhílseánaigh idirnáisiúnta (ANInna) a liostaítear in Iarscríbhinn 3;

   2) salainn, eistir agus hiodráití ANInna a dtugtar tuairisc orthu trí ANInna Iarscríbhinn 3 a chomhcheangal le réimíreanna nó le hiarmhíreanna Iarscríbhinn 4, ar choinníoll go mbeidh na táirgí sin inaicmithe sna fo-cheannteidil HS chéanna, ina bhfuil 6 dhigit, leis an ANI ábhartha;

   3) salainn, eistir agus hiodráití ANInna a liostaítear in Iarscríbhinn 5 agus nach bhfuil inaicmithe sna fo-cheannteidil HS chéanna, ina bhfuil 6 dhigit, leis na ANInna comhfhreagracha;

   4) táirgí idirmheánacha cógaisíochta, i.e. comhdhúile de chineál a úsáidtear chun táirgí cógaisíochta críochnaithe a mhonarú a chumhdaítear le CAS RN agus leis na hainmneacha ceimiceacha, a liostaítear in Iarscríbhinn 6.

2. Cásanna speisialta:

   1) Ní chumhdaítear le ANInna ach amháin na substaintí sin a thuairiscítear i liostaí ANInna molta agus beartaithe a fhoilsíonn an Eagraíocht Dhomhanda Sláine (WHO). I gcás inar lú an líon substaintí a chumhdaítear le ANI ná an líon substaintí a chumhdaítear le CAS RN, ní bheidh saor ó dhleacht ach amháin na substaintí sin a chumhdaítear leis an ANI;

   2) i gcás ina n-aithnítear táirge in Iarscríbhinn 3 nó Iarscríbhinn 6 le CAS RN a chomhfhreagraíonn d'isiméir shonrach, ní fhéadfaidh ach an isiméir sin a bheith incháilithe le haghaidh cóireáil saor ó dhleacht;

   3) maidir le díorthaigh dhúbailte (salainn, eistir agus hiodráití) ANInna a aithnítear le ANI d'Iarscríbhinn 3 atá comhcheangailte le réimír nó le hiarmhír d'Iarscríbhinn 4, beidh siad incháilithe le haghaidh cóireáil saor ó dhleacht, ar choinníoll go mbeidh siad inaicmithe san fho-cheannteideal HS céanna, ina bhfuil 6 dhigit, le ANI ábhartha:

      sampla: eistear meitile alainín, hidreaclóiríd;

   4) maidir le ANI d'Iarscríbhinn 3, i gcás gur salann (nó eistear) é, ní fhéadfaidh aon salann eile (nó aon eistear eile) den aigéad a chomhfhreagraíonn do ANI cáiliú le haghaidh cóireáil saor ó dhleacht:

      sampla: potaisiam ocspreanóáite (ANI): saor ó dhleacht

      sóidiam ocspreanóáite: nach bhfuil saor ó dhleacht.

   5) i gcás nach léirítear aon CAS RN le haghaidh táirge d'Iarscríbhinn 3 nó Iarscríbhinn 6 (uimhir 0-00-0), is leor an t-ainm neamhdhílseánaigh idirnáisiúnta (ANI) nó an t-ainm ceimiceach liostaithe le haghaidh cóireáil saor ó dhleacht.

D. Ráta caighdeánach dleachta

1. Muirearófar dleacht chustaim ag an ráta comhréidh 2,5 % *ad valorem* ar earraí:

   — atá i gcoinsíneachtaí a sheolann duine príobháideach amháin chuig duine príobháideach eile, nó

   — atá i mbagáiste pearsanta taistealaithe,

   ar choinníoll nach mbeidh allmhairithe den sórt sin de chineál tráchtála.

   Beidh feidhm ag an dleacht chustaim sin ar ráta comhréidh 2,5 %, ar choinníoll nach mó ná € 700 luach intreach na n-earraí atá faoi réir dleacht ar allmhairí in aghaidh na coinsíneachta nó in aghaidh an taistealaí.

   Ní bheidh feidhm ag an measúnú sin ar ráta comhréidh maidir le hearraí arb é 'díolúine' ráta na dleachta dóibh i sceideal na ndleachtanna custaim ná maidir le hearraí faoi Chaibidil 24 atá i gcoinsíneacht nó i mbagáiste pearsanta taistealaithe ina méideanna is mó ná na méideanna sin a leagtar síos in Airteagal 27 nó de bhun Airteagal 41 de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle 16 Samhain 2009 lena mbunaítear Córas Comhphobail d'fhaoisimh ó dhleacht chustaim ([1]).

2. Déileálfar le hallmhairithe mar allmhairithe nach de chineál tráchtála iad sná cásanna seo a leanas:

   a) i gcás earraí atá i gcoinsíneachtaí a sheolann duine príobháideach amháin chuig duine príobháideach eile, más amhlaidh maidir leis na coinsíneachtaí sin:

      — gur de chineál ócáideach iad,

      — gur earraí atá iontu ar le haghaidh úsáid phearsanta an choinsíní nó a theaghlaigh iad, agus le haghaidh na húsáide sin amháin, agus nach léirítear aon intinn tráchtála lena gcineál ná lena gcainníocht,

      — go seolfaidh an coinsíneoir chuig an gcoinsíní iad saor ó aon chineál íocaíochta;

   b) i gcás earraí atá i mbagáiste pearsanta taistealaithe, más amhlaidh maidir leis na hearraí sin:

      — gur de chineál ócáideach iad, agus

      — gur earraí atá iontu ar le haghaidh úsáid phearsanta na dtaistealaithe nó a dteaghlach iad, agus le haghaidh na húsáide sin amháin, nó earraí a bheartaítear mar bhronntanais; ní mór nach mbeidh cineál ná cainníocht na n-earraí sin amhlaidh go bhféadfaí a léiriú leis go bhfuil siad á n-allmhairiú ar chúiseanna tráchtála;

3. Ní bheidh feidhm ag ráta comhréidh na dleachta custaim maidir le hearraí a allmhairítear faoi na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 más rud é gur iarr an duine atá ina theideal, sular cuireadh an ráta comhréidh sin i bhfeidhm maidir leo, go mbeidís faoi réir na ndleachtanna custaim is iomchuí dóibh. Beidh na hearraí uile a bhfuil an choinsíneacht déanta díobh faoi réir na ndleachtanna ar allmhairí is iomchuí dóibh ansin, gan dochar don chead isteach saor ó dhleacht dá bhforáiltear de bhun Airteagail 25 go 27 agus 41 de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009.

   Chun críocha na chéad fhomhíre, ciallóidh dleachtanna ar allmhairí idir dhleachtanna custaim agus mhuirir chustaim a bhfuil éifeacht choibhéiseach acu mar aon le muirir eile ar allmhairí dá bhforáiltear faoin gcomhbheartas talmhaíochta nó faoi shocruithe sonracha is infheidhme maidir le hearraí áirithe a eascraíonn as táirgí talmhaíochta a phróiseáil.

4. Féadfaidh na Ballstáit neamh-rannpháirteacha an méid a bheidh ann de thoradh comhshó shuim an € 700 a shlánú in airgeadraí náisiúnta.

5. Féadfaidh na Ballstáit neamh-rannpháirteacha coibhéis shuim an € 700 in airgeadra náisiúnta a choimeád gan athrú más amhlaidh, tráth an choigeartaithe bhliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 53 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, gur lú ná 5 % sa choibhéis in airgeadra náisiúnta, nó i laghdú air sin, an toradh ar chomhshó an mhéid sin, roimh an slánú dá bhforáiltear i mír 4.

([1]) IO L 324, 10.12.2009, lch. 23.

E. Coimeádáin agus pacáistíocht

Is infheidhme na forálacha seo a leanas maidir leis na coimeádáin agus leis an bpacáistíocht dá dtagraítear i rialacha léirmhínithe ginearálta 5(a) agus (b) agusa chuirtear i saorchúrsaíocht an tráth céanna leis na hearraí atá iontu nó a chuirtear i láthair in éineacht leo iad.

1. Nuair a aicmítear na coimeádáin agus an phacáistíocht leis na hearraí i gcomhréir le forálacha riail léirmhínithe ghinearálta 5, is amhlaidh maidir leo:

   a) go mbeidh siad inmhuirearaithe ar an ráta dleachta custaim céanna leis na hearraí:

      — i gcás ina mbeidh na hearraí sin faoi réir dleacht chustaim *ad valorem*, nó

      — i gcás ina mbeidh siad le cur san áireamh i meáchan indleachta na n-earraí;

   b) go gceadófar isteach saor ó dhleachtanna custaim iad:

      — i gcás inarb earraí saor ó dhleacht chustaim iad, nó

      — i gcás inarb earraí indleachta iad ar bhealach eile seachas faoi threoir meáchain nó luacha, nó

      — i gcás nach mbeidh meáchan na gcoimeádán agus na pacáistíochta le cur san áireamh i meáchan indleachta na n-earraí.

2. I gcás ina bhfuil earraí, lena mbaineann roinntí tuairiscí taraife difriúla, i gcoimeádáin agus i bpacáistíocht a chumhdaítear le forálacha mhír 1(a) agus (b), nó i gcás ina gcuirtear coimeádáin agus pacáistíocht i láthair in éineacht le hearraí den sórt sin, déanfar meáchan agus luach na gcoimeádán agus na pacáistíochta a chionroinnt, chun a meáchan indleachta nó a luach indleachta a chinneadh, i measc na n-earraí uile atá iontu, i gcomhréir le meáchan nó le luach na n-earraí sin.

F. Cóireáil fhabhrach taraife de bharr chineál na n-earraí

1. Faoi dhálaí áirithe, foráiltear maidir le cóireáil fhabhrach taraife de bharr chineál na n-earraí le haghaidh na n-earraí seo a leanas:

   — earraí atá mí-oiriúnach lena gcaitheamh,

   — síolta,

   — éadach boltálaithe, bíodh sé rédhéanta nó ná bíodh,

   — cineálacha áirithe d'fhíonchaora úra boird, tobac agus níotráite.

   Cumhdaítear na hearraí sin le fo-cheannteidil ([1]) in éineacht le fonóta tagartha sna téarmaí seo a leanas: 'Maidir le hiontráil a dhéanamh faoin bhfo-cheannteideal seo tá sé faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i roinn II, mír F, de na réamhfhorálacha.' nó 'Tá an chóireáil fhabhrach taraife seo faoi réir na bhfoirmiúlachtaí agus na gcoinníollacha a leagtar síos i roinn II, mír F, de na réamhfhorálacha, a chomhlíonadh'.

([1]) Is iad seo a leanas na fo-cheannteidil agus na cóid TARIC lena mbaineann: 0408 11 20, 0408 19 20, 0408 91 20, 0408 99 20, 0701 10 00, 0712 90 11, 0806 10 10, 1001 91 10, 1005 10 13, 1005 10 15, 1005 10 18, 1006 10 10, 1007 10 10, 1106 20 10, 1201 10 00, 1202 30 00, 1204 00 10, 1205 10 10, 1206 00 10, 1207 21 00, 1207 40 10, 1207 50 10, 1207 91 10, 1207 99 20, 2401 10 35, 2401 10 85, 2401 10 95, 2401 20 35, 2401 20 85, 2401 20 95, 2501 00 51, 3102 50 00 10, 3105 90 20 10, 3105 90 80 10, 3502 11 10, 3502 19 10, 3502 20 10, 3502 90 20, 5911 20 00.

2. Liostaítear earraí atá mí-oiriúnach lena gcaitheamh dá ndeonaítear cóireáil fhabhrach taraife de bharr a gcineáil in Iarscríbhinn 8 faoi threoir an cheannteidil a n-aicmítear fúthu iad in éineacht le tuairisc agus cainníochtaí na ndínádúrúchán a úsáidtear. Toimhdeofar na hearraí sin a bheith mí-oiriúnach lena gcaitheamh nuair a dhéanfar na hearraí atá le dínádúrú agus na dínádúrúcháin a mheascadh go haonchineálach agus nach bhfuil sé inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.

3. Aicmeofar na hearraí a liostaítear thíos sna ceannteidil iomchuí maidir le síolta nó maidir le hearraí atá le cur, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh na hearraí forálacha ábhartha an Aontais Eorpaigh:

   — maidir le harbhar milis, speilt, grán buí hibrideach, rís agus sorgam (Treoir 66/402/CEE ón gComhairle ([1])),

   — maidir le prátaí síl (Treoir 2002/56/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 ([2])),

   — maidir le holashíolta agus torthaí olúla (Treoir 2002/57/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 ([3])).

   Nuair is amhlaidh gur de chineál iad arbhar milis hibrideach, speilt, grán buí hibrideach, rís, sorgam hibrideach nó olashíolta agus torthaí olúla nach infheidhme na forálacha talmhaíochta maidir leo, deonófar cóireáil fhabhrach taraife de bharr a gcineáil, ar choinníoll go suífearan bhfuil na hearraí le cur le fírinne.

3. Ar fud na hainmníochta, meastar gur 'eabhar' atá i starrfhiacla eilifinte, dobhareich, rosuailt, narbhail agus toirc, in adharca srónbheannaigh agus i bhfiacla na n-ainmhithe uile.

4. Ar fud na hainmníochta, meastar go gciallaíonn an nath 'rón' rón moingeanna nó rón eireaball each-ainmhithe nó bó-ainmhithe. Le ceannteideal 0511 cumhdaítear, inter alia, rón agus dramhaíl róin, bídís i bhfoirm sraitheanna nó ná bídís le hábhar tacaíochta nó dá uireasa.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
0501 00 00	**Gruaig dhaonna, í neamhoibrithe, bíodh sí nite nó sciúrtha nó ná bíodh; dramhaíl ó ghruaig dhaonna**	Díolúine	—
0502	**Guaireach agus fionnadh muc, borraí nó torc; fionnadh broc agus fionnadh eile lena ndéantar scuaba; dramhaíl ó ghuairí nó ó fhionnadh den sórt sin:**		
0502 10 00	– **Guairí agus fionnadh muc, borraí nó torc agus dramhaíl uathu**	Díolúine	—
0502 90 00	– **eile**	Díolúine	—
[0503]			
0504 00 00	**Putóga, lamhnáin agus goilí ainmhithe (seachas éisc), ina n-iomláine agus codanna díobh, iad úr, fuaraithe, reoite, saillte, faoi sháile, triomaithe nó deataithe**	Díolúine	—
0505	**Craicne agus codanna eile d'éin, agus a gcleití nó a gclúmh orthu, cleití agus codanna de chleití (bídís bearrtha nó ná bídís) agus clúmh, gan aon obair bhreise a bheith déanta orthu seachas glanadh, dífhabhtú nó cóiriú lena gcaomhnú; púdar agus dramhaíl ó chleití nó ó chodanna de chleití:**		
0505 10	– **Cleití de chineál a úsáidtear le haghaidh stuála; clúmh:**		
0505 10 10	–– iad amh	Díolúine	—
0505 10 90	–– eile	Díolúine	—
0505 90 00	– **eile**	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
0506	**Cnámha agus adharc-chroíthe, iad neamhoibrithe, díshaillte, ullmhaithe go simplí (ach gan bheith gearrtha de réir crutha), cóireáilte le haigéad nó dígheilitínithe; púdar nó dramhaíl ó na táirgí sin:**		
0506 10 00	– **Oiséin agus cnámha atá cóireáilte le haigéad**	Díolúine	—
0506 90 00	– **eile**	Díolúine	—
0507	**Eabhar, sliogán toirtíse, míolchnámh agus gruaig míolchnámha, adharca, beanna, crúba, ingne, croibh agus goba, iad neamhoibrithe nó ullmhaithe go simplí, ach gan bheith gearrtha de réir crutha; púdar nó dramhaíl ó na táirgí sin:**		
0507 10 00	– **Eabhar; púdar agus dramhaíl eabhair**	Díolúine	—
0507 90 00	– **eile**	Díolúine	—
0508 00	**Ábhair choiréil agus ábhair den chineál céanna, iad neamhoibrithe nó ullmhaithe go simplí ach gan bheith oibrithe seachas sin; sliogáin moileasc, crústach nó eicínideirmeach agus cnámh cudail, iad neamhoibrithe nó ullmhaithe go simplí, ach gan bheith gearrtha de réir crutha, púdar agus dramhaíl uathu sin:**		
0508 00 10	– Coiréalach dearg (*Corallium rubrum*)	Díolúine	—
0508 00 90	– eile	Díolúine	—
[0509]			
0510 00 00	**Ambargraís, castóiriam, sibhéad agus musc; cantairídí; domlas, bíodh sé triomaithe nó ná bíodh; faireoga agus táirgí eile ó ainmhithe a úsáidtear in ullmhú táirgí cógaisíochta, iad úr, fuaraithe, reoite nó leasaithe go sealadach ar bhealach eile**	Díolúine	—
0511	**Táirgí ainmhithe nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; ainmhithe marbha atá faoi Chaibidil 1 nó 3, iad mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine:**		
0511 10 00	– **Seamhan buaibheach**	Díolúine	p/st [1]
	– **eile:**		
0511 91	–– **Táirgí éisc nó crústach, moileasc nó inveirteabrach uisceach eile; ainmhithe marbha atá faoi Chaibidil 3:**		
0511 91 10	––– Dramhaíl éisc	Díolúine	—
0511 91 90	––– eile	Díolúine	—
0511 99	–– **eile:**		
0511 99 10	––– Féitheoga nó teannáin; dramh bearrtha agus dramhaíl chomhchosúil ó sheithí amha nó ó chraicne amha	Díolúine	—
	––– Spúinsí nádúrtha de thionscnamh ainmhíoch:		
0511 99 31	–––– iad amh	Díolúine	—
0511 99 39	–––– eile	5,1	—
0511 99 85	––– eile [2]	Díolúine	—

[1] Cochán (comhfhreagraíonn sé don chainníocht is gá le haghaidh inseamhnú).
[2] Cóid staidrimh TARIC: féach Iarscríbhinn 10.

ROINN II

TÁIRGÍ PLANDÚLA

Nóta

1. Sa roinn seo, ciallaíonn an téarma 'millíní' táirgí arna gceirtleánú go díreach trí bhíthin a gcomhbhrúite nó trí cheanglóir a chur leo i gcion nach mó ná 3 % de réir meáchain.

CAIBIDIL 6

CRAINN BHEO AGUS PLANDAÍ EILE; BLEIBÍNÍ, FRÉAMHACHA AGUS A LEITHÉIDÍ; BLÁTHANNA GEARRTHA AGUS DUILLIÚR ORNÁIDEACH

Nótaí

1. Faoi réir an dara cuid de cheannteideal 0601, ní chumhdaítear sa chaibidil seo ach crainn agus earraí beo (lena n-áirítear síológa glasraí) de chineál a sholáthraíonn garraíodóirí plandlainne nó bláthadóirí le cur nó le haghaidh úsáid ornáideach; mar sin féin, ní áirítear leis sin prátaí, oinniúin, seallóidí, gairleog nó táirgí eile atá faoi Chaibidil 7.

2. Aon tagairt i gceannteideal 0603 nó 0604 d'earraí d'aon chineál, déanfar é a fhorléiriú mar thagairt lena n-áirítear crobhaingí bláthanna, ciseáin bláthanna, fleasca agus nithe comhchosúla atá déanta, go hiomlán nó go páirteach, as earraí den chineál sin, gan oiriúintí ná ábhair eile á gcur san áireamh. Ní áirítear leis na ceannteidil sin, áfach, colláisí ná plaiceanna maisiúla cosúla atá faoi cheannteideal 9701.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
0601	**Bleibíní, tiúbair, meacain, cormáin, corónacha agus riosóim, iad faoi shuan, iad ag fás nó faoi bhláth; plandaí agus fréamhacha siocaire seachas na fréamhacha atá faoi cheannteideal 1212:**		
0601 10	– **Bleibíní, tiúbair, meacain, cormáin, corónacha agus riosóim, iad faoi shuan:**		
0601 10 10	–– Iasaintí	5,1	p/st
0601 10 20	–– Narcissi	5,1	p/st
0601 10 30	–– Tiúilipí	5,1	p/st
0601 10 40	–– Glaidíolais	5,1	p/st
0601 10 90	–– eile	5,1	p/st
0601 20	– **Bleibíní, tiúbair, meacain, cormáin, corónacha agus riosóim, iad ag fás nó faoi bhláth; plandaí agus fréamhacha siocaire:**		
0601 20 10	–– Plandaí agus fréamhacha siocaire	Díolúine	—
0601 20 30	–– Magairlíní, iasaintí, narcissi agus tiúilipí	9,6	—
0601 20 90	–– eile	6,4	—
0602	**Plandaí beo eile (lena n-áirítear a bhfréamhacha), beangáin agus slapair; pór beacán:**		
0602 10	– **Beangáin gan fréamhacha agus slapair:**		
0602 10 10	–– ó fhíniúnacha	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
0602 10 90	–– eile	4	—
0602 20	– **Crainn, toir agus sceacha, bídís beangaithe nó ná bídís, de chineálacha a mbíonn torthaí nó cnónna inite orthu:**		
0602 20 10	–– Slapair fíniúna, iad beangaithe nó fréamhaithe	Díolúine	—
	–– eile:		
0602 20 20	––– a bhfuil fréamhacha loma orthu	8,3	p/st
	––– eile:		
0602 20 30	–––– Citreas	8,3	p/st
0602 20 80	–––– eile	8,3	p/st
0602 30 00	– **Ródaideandróin agus asáilianna, bídís beangaithe nó ná bídís**	8,3	p/st
0602 40 00	– **Rósanna, bídís beangaithe nó ná bídís**	8,3	p/st
0602 90	– **eile:**		
0602 90 10	–– Pór beacán	8,3	—
0602 90 20	–– Plandaí anainn	Díolúine	—
0602 90 30	–– Plandaí glasraí agus sútha talún	8,3	—
	–– eile:		
	––– Plandaí machaire:		
	–––– Crainn, toir agus sceacha:		
0602 90 41	––––– Crainn foraoise	8,3	p/st
	––––– eile:		
0602 90 45	–––––– Beangáin fhréamhaithe agus plandaí óga	6,5	p/st
	–––––– eile:		
0602 90 46	–––––––– a bhfuil fréamhacha loma orthu	8,3	p/st
	–––––––– eile:		
0602 90 47	––––––––– Crainn bhuaircíneacha agus crainn shíorghlasa	8,3	p/st
0602 90 48	––––––––– eile	8,3	p/st
0602 90 50	–––– Plandaí machaire eile	8,3	—
	––– Plandaí tí:		
0602 90 70	–––– Beangáin fhréamhaithe agus plandaí óga, gan cachtais a áireamh	6,5	p/st
	–––– eile:		
0602 90 91	––––– Plandaí bláthacha agus bachlóga nó bláthanna orthu, gan cachtais a áireamh	6,5	p/st
0602 90 99	––––– eile	6,5	p/st
0603	**Bláthanna agus bachlóga bláthanna, iad gearrtha, de chineál atá oiriúnach le haghaidh crobhaingí nó chun críoch ornáideach, iad úr, triomaithe, daite, tuartha, tuilte nó ullmhaithe ar bhealach eile:**		
	– **úr:**		
0603 11 00	–– **Rósanna**	([1])	p/st

([1]) — Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Bealtaine: 8,5,
— ón 1 Meitheamh go dtí an 31 Deireadh Fómhair: 12,
— ón 1 Samhain go dtí an 31 Nollaig: 8,5.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
0603 12 00	–– **Lusanna na gile**	([1])	p/st
0603 13 00	–– **Magairlíní**	([1])	p/st
0603 14 00	–– **Criosantamaim**	([1])	p/st
0603 15 00	–– **Lilí (*Lilium* spp.)**	([1])	p/st
0603 19	–– **eile:**		
0603 19 10	––– Glaidíolais	([1])	p/st
0603 19 20	––– Ranunculi	([1])	p/st
0603 19 70	––– eile	([1])	p/st
0603 90 00	– **eile**	10	—
0604	**Duilliúr, craobhacha agus codanna eile de phlandaí, gan bhláthanna ná bachlóga bláthanna, agus féara, caonaigh agus léicin ar earraí iad de chineál atá oiriúnach do chrobhaingí nó chun críoch ornáideach, iad úr, triomaithe, daite, tuartha, tuilte nó ullmhaithe ar bhealach eile:**		
0604 20	– **úr:**		
	–– Caonaigh agus léicin:		
0604 20 11	––– Léicean réinfhia	Díolúine	—
0604 20 19	––– eile	5	—
0604 20 20	–– Crainn Nollag	2,5	p/st
0604 20 40	–– Craobhacha crann buaircíneach	2,5	—
0604 20 90	–– eile	2	—
0604 90	– **eile:**		
	–– Caonaigh agus léicin:		
0604 90 11	––– Léicean réinfhia	Díolúine	—
0604 90 19	––– eile	5	—
	–– eile:		
0604 90 91	––– nach bhfuil tuilleadh ullmhúcháin déanta orthu seachas iad a thriomú	Díolúine	—
0604 90 99	––– eile	10,9	—

([1]) — Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Bealtaine: 8,5,
— ón 1 Meitheamh go dtí an 31 Deireadh Fómhair: 12,
— ón 1 Samhain go dtí an 31 Nollaig: 8,5.

CAIBIDIL 7

GLASRAÍ AGUS FRÉAMHACHA AGUS TIÚBAIR ÁIRITHE ATÁ INITE

Nótaí

1. Ní chumhdaítear leis an gcaibidil seo táirgí foráiste atá faoi cheannteideal 1214.

2. I gceannteidil 0709 go 0712 áirítear leis an bhfocal 'glasraí' beacáin inite, strufail, ológa, caprais, mearóga, puimpcíní, ubhthorthaí, grán milis (*Zea mays* var. *saccharata*), torthaí den ghéineas *Capsicum* nó den ghéineas *Pimenta*, finéal, peirsil, costóg, dragan, biolar agus oragán cumhra (*Majorana hortensis* nó *Origanum majorana*).

3. Cumhdaítear faoi cheannteideal 0712 na glasraí triomaithe uile de na cineáil atá i gceannteidil 0701 go 0711, seachas:

   a) glasraí léagúmacha triomaithe, iad scilligthe (ceannteideal 0713);

   b) grán milis sna foirmeacha a shonraítear i gceannteidil 1102 go 1104;

   c) plúr, min, púdar, calóga, gráinníní agus millíní prátaí (ceannteideal 1105);

   d) plúr, min agus púdar na nglasraí léagúmacha triomaithe atá faoi cheannteideal 0713 (ceannteideal 1106).

4. Eisiatar ón gcaibidil seo, áfach, torthaí triomaithe, brúite nó meilte den ghéineas *Capsicum* nó den ghéineas *Pimenta* (ceannteideal 0904).

5. Tá feidhm ag ceannteideal 0711 maidir le glasraí a cóireáladh chun a leasú sealadach le linn a n-iompair agus a stórála, roimh iad a úsáid, a áirithiú, agus chun na críche sin amháin (mar shampla, le gás dé-ocsaíde sulfair, i sáile, in uisce sulfair nó i dtuaslagáin leasaitheacha eile), ar choinníoll nach bhfuil siad oiriúnach fós lena gcaitheamh láithreach sa riocht sin.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
0701	**Prátaí, iad úr nó fuaraithe:**		
0701 10 00	– **i bhfoirm síolta** [1]	4,5	—
0701 90	– **eile:**		
0701 90 10	–– chun stáirse a mhonarú [2]	5,8	—
	–– eile:		
0701 90 50	––– Prátaí nua, ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh	[3]	—
0701 90 90	––– eile	11,5	—
0702 00 00	**Trátaí, iad úr nó fuaraithe**	[4]	—
0703	**Oinniúin, seallóidí, gairleog, cainneanna agus glasraí eile den chineál Alliaceae, iad úr nó fuaraithe:**		
0703 10	– **Oinniúin agus seallóidí:**		
	–– Oinniúin:		
0703 10 11	––– i dtacair	9,6	—

[1] Maidir le hiontráil a dhéanamh faoin bhfo-cheannteideal seo, tá sé sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i roinn II, mír F, de na réamhfhorálacha.
[2] Maidir le hiontráil a dhéanamh faoin bhfo-cheannteideal seo, tá sé sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais Eorpaigh (féach Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 269, 10.10.2013, Ich. 1)).
[3] — Ón 1 Eanáir go dtí an 15 Bealtaine: 9,6. Taraif-chuóta EDT,
— ón 16 Bealtaine go dtí an 30 Meitheamh: 13,4.
[4] Féach Iarscríbhinn 2.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
0703 10 19	−−− eile	9,6	—
0703 10 90	−− Seallóidí	9,6	—
0703 20 00	– **Gairleog**	9,6 + 120 €/ 100 kg/net (1)	—
0703 90 00	– **Cainneanna agus glasraí eile den chineál Alliaceae**	10,4	—
0704	**Cabáistí, cóiliseacha, cálráib, cál agus praiseacha inite comhchosúla, iad úr nó fuaraithe:**		
0704 10	– **Cóiliseacha agus brocailí:**		
0704 10 10	−− Cóiliseacha agus brocailí a bhfuil ceann air	(2)	—
0704 10 90	−− eile	12	—
0704 20 00	– **Bachlóga Bruiséile**	12	—
0704 90	– **eile:**		
0704 90 10	−− Cabáistí bána agus cabáistí dearga	12 MIN 0,4 €/ 100 kg/net	—
0704 90 90	−− eile	12	—
0705	**Leitís oigheargheal (*Lactuca sativa*) agus siocaire (*Cichorium* spp.), iad úr nó fuaraithe:**		
	– **Leitís:**		
0705 11 00	−− **Leitís cabáiste (leitís mhór)**	(3)	—
0705 19 00	−− **eile**	10,4	—
	– **Siocaire:**		
0705 21 00	−− **Siocaire witloof (*Cichorium intybus* var. *foliosum*)**	10,4	—
0705 29 00	−− **eile**	10,4	—
0706	**Meacain dhearga, tornapaí, meacain biatais sailéid, salsabh, soiliriac, raidisí agus fréamhacha inite comhchosúla, iad úr nó fuaraithe:**		
0706 10 00	– **Meacain dhearga agus tornapaí**	13,6 (1)	—
0706 90	– **eile:**		
0706 90 10	−− Soiliriac (soilire fréamhaithe nó soilire Gearmánach)	(4)	—
0706 90 30	−− Meacain ragaim (*Cochlearia armoracia*)	12	—
0706 90 90	−− eile	13,6	—
0707 00	**Cúcamair agus gircíní, iad úr nó fuaraithe:**		
0707 00 05	– Cúcamair	(5)	—
0707 00 90	– Gircíní	12,8	—

(1) Taraif-chuóta EDT.
(2) — Ón 1 Eanáir go dtí an 14 Aibreán: 9,6 MIN 1,1 €/100 kg/net,
— ón 15 Aibreán go dtí an 30 Samhain: 13,6 MIN 1,6 €/100 kg/net,
— ón 1 Nollaig go dtí an 31 Nollaig: 9,6 MIN 1,1 €/100 kg/net.
(3) — Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta: 10,4 MIN 1,3 €/100 kg/br,
— ón 1 Aibreán go dtí an 30 Samhain: 12 MIN 2 €/100 kg/br,
— ón 1 Nollaig go dtí an 31 Nollaig: 10,4 MIN 1,3 €/100 kg/br.
(4) — Ón 1 Eanáir go dtí an 30 Aibreán: 13,6,
— ón 1 Bealtaine go dtí an 30 Meán Fómhair: 10,4,
— ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig: 13,6.
(5) Féach Iarscríbhinn 2.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
0708	**Glasraí léagúmacha, bídís scilligthe nó ná bídís, iad úr nó fuaraithe:**		
0708 10 00	– **Piseanna (*Pisum sativum*)**	(1)	—
0708 20 00	– **Pónairí (*Vigna* spp., *Phaseolus* spp.)**	(2)	—
0708 90 00	– **Glasraí léagúmacha eile**	11,2	—
0709	**Glasraí eile, iad úr nó fuaraithe:**		
0709 20 00	– **Lus súgach**	10,2	—
0709 30 00	– **Ubhthorthaí**	12,8	—
0709 40 00	– **Soilire seachas soiliriac**	12,8	—
	– **Beacáin agus strufail:**		
0709 51 00	–– **Beacáin den ghéineas *Agaricus***	12,8	—
0709 52 00	–– **Beacáin den ghéineas *Boletus***	5,6	—
0709 53 00	–– **Beacáin den ghéineas *Cantharellus***	3,2	—
0709 54 00	–– **Síotaicé (*Lentinus edodes*)**	6,4	—
0709 55 00	–– **Matsutake (*Tricholoma matsutake, Tricholoma magnivelare, Tricholoma anatolicum, Tricholoma dulciolens, Tricholoma caligatum*)**	6,4	—
0709 56 00	–– **Strufail (*Tuber* spp.)**	6,4	—
0709 59 00	–– **eile**	6,4	—
0709 60	– **Torthaí den ghéineas *Capsicum* nó den ghéineas *Pimenta*:**		
0709 60 10	–– Piobair mhilse	7,2 (3)	—
	–– eile:		
0709 60 91	––– Den ghéineas *Capsicum*, chun caipsicin nó ruaimeanna oiléaroisín capsacaim a mhonarú (4)	Díolúine	—
0709 60 95	––– chun blátholaí nó roisíneoidí a mhonarú go tionsclaíoch (4)	Díolúine	—
0709 60 99	––– eile	6,4	—
0709 70 00	– **Spionáiste, spionáiste na Nua-Shéalainne agus spionáiste eilifleoige (spionáiste gairdín)**	10,4	—
	– **eile:**		
0709 91 00	–– **Bliosáin chruinne**	(5)	—
0709 92	–– **Ológa:**		
0709 92 10	––– le haghaidh úsáidí eile seachas ola a tháirgeadh (4)	4,5	—
0709 92 90	––– eile	13,1 €/100 kg/net	—

(1) — Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Bealtaine: 8,
— ón 1 Meitheamh go dtí an 31 Lúnasa: 13,6,
— ón 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Nollaig: 8.

(2) — Ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh: 10,4 MIN 1,6 €/100 kg/net,
— ón 1 Iúil go dtí an 30 Meán Fómhair: 13,6 MIN 1,6 €/100 kg/net,
— ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig: 10,4 MIN 1,6 €/100 kg/net.

(3) Taraif-chuóta EDT.

(4) Maidir le hiontráil a dhéanamh faoin bhfo-cheannteideal seo, tá sé sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais Eorpaigh (féach Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 269, 10.10.2013, Ich. 1)).

(5) Féach Iarscríbhinn 2.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
0709 93	–– **Puimpcíní, scuais agus guird (*Cucurbita* spp.):**		
0709 93 10	––– Cúirséid	(1)	—
0709 93 90	––– eile	12,8	—
0709 99	–– **eile:**		
0709 99 10	––– Glasraí sailéid, seachas leitís oighearghea l (*Lactuca sativa*) agus siocaire (*Cichorium* spp.)	10,4	—
0709 99 20	––– Biatas bán agus cardúin	10,4	—
0709 99 40	––– Caprais	5,6	—
0709 99 50	––– Finéal	8	—
0709 99 60	––– Grán milis	9,4 €/100 kg/net	—
0709 99 90	––– eile	12,8	—
0710	**Glasraí (iad neamhchócaráilte nó cócaráilte trína ngalú nó trína mbeiriú in uisce), iad reoite:**		
0710 10 00	– **Prátaí**	14,4	—
	– **Glasraí léagúmacha, bídís scilligthe nó ná bídís:**		
0710 21 00	–– **Piseanna (*Pisum sativum*)**	14,4	—
0710 22 00	–– **Pónairí (*Vigna* spp., *Phaseolus* spp.)**	14,4	—
0710 29 00	–– **eile**	14,4	—
0710 30 00	– **Spionáiste, spionáiste na Nua-Shéalainne agus spionáiste eilifleoige (spionáiste gairdín)**	14,4	—
0710 40 00	– **Grán milis**	5,1 + 9,4 €/ 100 kg/net (2)	—
0710 80	– **Glasraí eile:**		
0710 80 10	–– Ológa	15,2	—
	–– Torthaí den ghéineas *Capsicum* nó den ghéineas *Pimenta*:		
0710 80 51	––– Piobair mhilse	14,4	—
0710 80 59	––– eile	6,4	—
	–– Beacáin:		
0710 80 61	––– Den ghéineas *Agaricus*	14,4	—
0710 80 69	––– eile	14,4	—
0710 80 70	–– Trátaí	14,4	—
0710 80 80	–– Bliosáin chruinne	14,4	—
0710 80 85	–– Lus súgach	14,4	—
0710 80 95	–– eile	14,4	—
0710 90 00	– **Meascáin glasraí**	14,4	—

(1) Féach Iarscríbhinn 2.
(2) Muirearaítear an méid sonrach, mar bheart uathrialach, ar bhonn an ghlanmheáchain silte.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
0711	**Glasraí atá leasaithe go sealadach ach nach bhfuil oiriúnach lena gcaitheamh láithreach sa riocht sin:**		
0711 20	– **Ológa:**		
0711 20 10	–– le haghaidh úsáidí eile seachas ola a tháirgeadh [1]	6,4	—
0711 20 90	–– eile	13,1 €/100 kg/net	—
0711 40 00	– **Cúcamair agus gircíní**	12	—
	– **Beacáin agus strufail:**		
0711 51 00	–– **Beacáin den ghéineas *Agaricus***	9,6 + 191 €/ 100 kg/net eda [2]	kg/net eda
0711 59 00	–– **eile**	9,6	—
0711 90	– **Glasraí eile; meascáin glasraí:**		
	–– Glasraí:		
0711 90 10	––– Torthaí den ghéineas *Capsicum* nó den ghéineas *Pimenta*, gan piobair mhilse a áireamh	6,4	—
0711 90 30	––– Grán milis	5,1 + 9,4 €/ 100 kg/net [3]	—
0711 90 50	––– Oinniúin	7,2	—
0711 90 70	––– Caprais	4,8	—
0711 90 80	––– eile	9,6	—
0711 90 90	–– Meascáin glasraí	12	—
0712	**Glasraí triomaithe, iad iomlán, gearrtha, slisnithe, briste nó i bpúdar, ach gan ullmhú thairis sin orthu:**		
0712 20 00	– **Oinniúin**	12,8 [2]	—
	– **Beacáin, cluasa adhmaid (*Auricularia* spp.), fungais ghlóthaí (*Tremella* spp.) agus strufail:**		
0712 31 00	–– **Beacáin den ghéineas *Agaricus***	12,8	—
0712 32 00	–– **Cluasa adhmaid (*Auricularia* spp.)**	12,8	—
0712 33 00	–– **Fungais ghlóthaí (*Tremella* spp.)**	12,8	—
0712 34 00	–– **Síotaicé (*Lentinus edodes*)**	12,8	—
0712 39 00	–– **eile**	12,8	—
0712 90	– **Glasraí eile; meascáin glasraí:**		
0712 90 05	–– Prátaí, bídís gearrtha nó slisnithe nó ná bídís, ach gan tuilleadh ullmhúcháin déanta orthu	10,2	—
	–– Grán milis (*Zea mays* var. *saccharata*):		
0712 90 11	––– hibridí atá le cur [4]	Díolúine	—
0712 90 19	––– eile	9,4 €/100 kg/net	—

[1] Maidir le hiontráil a dhéanamh faoin bhfo-cheannteideal seo, tá sé sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais Eorpaigh (féach Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 269, 10.10.2013, Ich. 1)).
[2] Taraif-chuóta EDT.
[3] Muirearaítear an méid sonrach, mar bheart uathrialach, ar bhonn an ghlanmheáchain silte.
[4] Maidir le hiontráil a dhéanamh faoin bhfo-cheannteideal seo, tá sé sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i roinn II, mír F, de na réamhfhorálacha.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
0712 90 30	–– Trátaí	12,8	—
0712 90 50	–– Meacain dhearga	12,8	—
0712 90 90	–– eile	12,8	—
0713	**Glasraí léagúmacha triomaithe, iad scilligthe, bídís scafa nó scoilte nó ná bídís:**		
0713 10	– **Piseanna (*Pisum sativum*):**		
0713 10 10	–– atá le cur	Díolúine	—
0713 10 90	–– eile	Díolúine	—
0713 20 00	– **Sicphiseánaigh**	Díolúine	—
	– **Pónairí (*Vigna* spp., *Phaseolus* spp.):**		
0713 31 00	–– **Pónairí den speiceas *Vigna mungo* (L.) Hepper nó *Vigna radiata* (L.) Wilczek**	Díolúine	—
0713 32 00	–– **Pónairí beaga dearga (Adzuki) (*Phaseolus* nó *Vigna angularis*)**	Díolúine	—
0713 33	–– **Pónairí duánacha, lena n-áirítear pónairí pise bána (*Phaseolus vulgaris*):**		
0713 33 10	––– atá le cur	Díolúine	—
0713 33 90	––– eile	Díolúine	—
0713 34 00	–– **Pónairí Bambara (*Vigna subterranea* nó *Voandzeia subterranea*)**	Díolúine	—
0713 35 00	–– **Piseanna bó (*Vigna unguiculata*)**	Díolúine	—
0713 39 00	–– **eile**	Díolúine	—
0713 40 00	– **Lintilí**	Díolúine	—
0713 50 00	– **Pónairí leathana (*Vicia faba* var. *major*) agus pónairí capaill (*Vicia faba* var. *equina*, *Vicia faba* var. *minor*)**	3,2	—
0713 60 00	– **Piseanna colúir (*Cajanus cajan*)**	3,2	—
0713 90 00	– **eile**	3,2	—
0714	**Casabhach, ararút, salep, bliosáin ghréine, prátaí milse agus fréamhacha agus tiúbair chomhchosúla ina bhfuil cion mór stáirse nó ionúiline, iad úr, fuaraithe, reoite nó triomaithe, bídís slisnithe nó i bhfoirm millíní nó ná bídís; laíon sáig:**		
0714 10 00	– **Casabhach**	9,5 €/100 kg/net (1)	—
0714 20	– **Prátaí milse:**		
0714 20 10	–– iad úr agus iomlán agus a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine (2)	3,8 (3)	—
0714 20 90	–– eile	6,4 €/100 kg/net (1)	—
0714 30 00	– **Ionaim (*Dioscorea* spp.)**	9,5 €/100 kg/net (1)	—

(1) Taraif-chuóta EDT.

(2) Maidir le hiontráil a dhéanamh faoin bhfo-cheannteideal seo, tá sé sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais Eorpaigh (féach Rialachán (AE) Uimh. 2020/1988 ón gCoimisiún (IO L 422, 14.12.2020, lch. 4)).

(3) Ráta uathrialach dleachta: 3.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
0714 40 00	– **Taro (*Colocasia* spp.)**	9,5 €/100 kg/net (1)	—
0714 50 00	– **Cabáistí Cairibeacha (*Xanthosoma* spp.)**	9,5 €/100 kg/net (1)	—
0714 90	– **eile:**		
0714 90 20	–– Ararút, salep agus fréamhacha agus tiúbair chomhchosúla ina bhfuil cion mór stáirse	9,5 €/100 kg/net (1)	—
0714 90 90	–– eile	3,8 (2)	—

(1) Taraif-chuóta EDT.
(2) Ráta uathrialach dleachta: 3.

CAIBIDIL 8

TORTHAÍ AGUS CNÓNNA INITE; CRAICEANN TORTHAÍ CITRIS NÓ MEALBHACÁN

Nótaí

1. Ní chumhdaítear leis an gcaibidil seo cnónna ná torthaí do-ite.

2. Tá torthaí agus cnónna fuaraithe le haicmiú faoi na ceannteidil chéanna leis na torthaí agus cnónna úra a chomhfhreagraíonn dóibh.

3. D'fhéadfadh na torthaí agus cnónna triomaithe ón gcaibidil seo a bheith ath-hiodráitithe i bpáirt nó cóireáilte chun na gcríoch seo a leanas:

   a) feabhas a chur ar a gcaomhnú nó ar a gcobhsú (trí bhíthin cóireáil le teas measartha, cóireáil sulfair nó trí aigéad sorbach nó sorbáit photaisiam a chur leis, mar shampla),

   b) an chuma atá orthu a fheabhsú nó a choinneáil (trí ola phlandúil nó cainníochtaí beaga síoróip ghlúcóis a chur leis, mar shampla),

   ar choinníoll go gcoinneoidh siad cáil toraidh thriomaithe nó cnónna triomaithe.

4. Tá feidhm ag ceannteideal 0812 maidir le torthaí agus cnónna a cóireáladh chun a leasú sealadach le linn a n-iompair agus a stórála, roimh iad a úsáid, a áirithiú, agus chun na críche sin amháin (mar shampla, le gás dé-ocsaíde sulfair, i sáile, in uisce sulfair nó i dtuaslagáin leasaitheacha eile), ar choinníoll nach bhfuil siad oiriúnach fós lena gcaitheamh láithreach sa riocht sin.

Nótaí ceannteidil

1. *An cion siúcraí éagsúla arna sloinneadh mar shiúcrós (cion siúcra) atá sna táirgí a aicmítear sa chaibidil seo, comhfhreagraíonn an cion sin don fhigiúr a léirítear ar athraonmhéadar (arna úsáid i gcomhréir leis an modh a fhorordaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 974/2014 ón gCoimisiún [1]) ag teocht 20 °C agus arna iolrú faoin bhfachtóir 0,95.*

2. *Chun críocha fho-cheannteidil 0811 90 11, 0811 90 31 agus 0811 90 85, ciallaíonn 'torthaí trópaiceacha' guábhaí, mangónna, mangaistíní, pápánna, tamarainí, úlla caisiú, lítsíonna, seacaí, plumaí sapadaileacha, páiseoga, torthaí réaltúla agus draigineoga.*

3. *Chun críocha fho-cheannteidil 0811 90 11, 0811 90 31, 0811 90 85, 0812 90 70 agus 0813 50 31, ciallaíonn 'cnónna trópaiceacha' cnónna cócó, cnónna caisiú, cnónna Brasaíleacha, cnónna airéice (nó betel), cnónna cóla agus cnónna macadaimia.*

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
0801	**Cnónna cócó, cnónna Brasaíleacha agus cnónna caisiú, iad úr nó triomaithe, bídís scilligthe nó scafa nó ná bídís:**		
	– **Cnónna cócó:**		
0801 11 00	–– **iad triomaithe**	Díolúine	—
0801 12 00	–– **sa bhlaosc istigh (ioncharp)**	Díolúine	—
0801 19 00	–– **eile**	Díolúine	—
	– **Cnónna Brasaíleacha:**		
0801 21 00	–– **sa bhlaosc**	Díolúine	—
0801 22 00	–– **iad scilligthe**	Díolúine	—
	– **Cnónna caisiú:**		
0801 31 00	–– **sa bhlaosc**	Díolúine	—

[1] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 974/2014 ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2014 lena leagtar síos an modh athraonmhéadrachta chun iarmhar tirim intuaslagtha i dtáirgí a phróiseáiltear ó thorthaí agus glasraí a thomhas chun iad aaicmiú san Ainmníocht Chomhcheangailte (IO L 274, 16.9.2014, lch. 6).

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
0801 32 00	–– **iad scilligthe**	Díolúine	—
0802	**Cnónna eile, iad úr nó triomaithe, bídís scilligthe nó scafa nó ná bídís:**		
	– **Almóinní:**		
0802 11	–– **sa bhlaosc:**		
0802 11 10	––– iad searbh	Díolúine	—
0802 11 90	––– eile	5,6 (1)	—
0802 12	–– **iad scilligthe:**		
0802 12 10	––– iad searbh	Díolúine	—
0802 12 90	––– eile	3,5 (1)	—
	– **Cnónna coill nó faoisceoga (*Corylus* spp.):**		
0802 21 00	–– **sa bhlaosc**	3,2	—
0802 22 00	–– **iad scilligthe**	3,2	—
	– **Gallchnónna:**		
0802 31 00	–– **sa bhlaosc**	4	—
0802 32 00	–– **iad scilligthe**	5,1	—
	– **Castáin (*Castanea* spp.):**		
0802 41 00	–– **sa bhlaosc**	5,6	—
0802 42 00	–– **iad scilligthe**	5,6	—
	– **Cnónna pistéise:**		
0802 51 00	–– **sa bhlaosc**	1,6	—
0802 52 00	–– **iad scilligthe**	1,6	—
	– **Cnónna Macadaimia:**		
0802 61 00	–– **sa bhlaosc**	2	—
0802 62 00	–– **iad scilligthe**	2	—
0802 70 00	– **Cnónna cóla (*Cola* spp.)**	Díolúine	—
0802 80 00	– **Cnónna airéice**	Díolúine	—
	– **eile:**		
0802 91 00	–– **Cnónna péine, iad sa bhlaosc**	3,2 (2)	—
0802 92 00	–– **Cnónna péine, iad scilligthe**	3,2 (2)	—
0802 99	–– **eile:**		
0802 99 10	––– Cnónna peacáin	Díolúine	—
0802 99 90	––– eile	3,2 (2)	—
0803	**Bananaí, lena n-áirítear plantáin, iad úr nó triomaithe:**		
0803 10	– **Plantáin:**		
0803 10 10	–– iad úr	16	—
0803 10 90	–– iad triomaithe	16	—

(1) Taraif-chuóta EDT.
(2) Ráta uathrialach dleachta: 2.

	Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
	1	2	3	4
	0803 90	– **eile:**		
		–– iad úr:		
★	**0803 90 11**	––– Plátano de Canarias	114 €/1 000 kg/net	—
★	**0803 90 19**	––– eile	114 €/1 000 kg/net	—
	0803 90 90	–– iad triomaithe	16	—
	0804	**Dátaí, figí, anainn, abhacáid, guábhaí, mangónna agus mangaistíní, iad úr nó triomaithe:**		
	0804 10 00	– **Dátaí**	7,7	—
	0804 20	– **Figí:**		
	0804 20 10	–– iad úr	5,6	—
	0804 20 90	–– iad triomaithe	8	—
	0804 30 00	– **Anainn**	5,8	—
	0804 40 00	– **Abhacáid**	(1)	—
	0804 50 00	– **Guábhaí, mangónna agus mangaistíní**	Díolúine	—
	0805	**Torthaí citris, iad úr nó triomaithe:**		
	0805 10	– **Oráistí:**		
		–– Oráistí milse, iad úr:		
	0805 10 22	––– Oráistí imleacáin	(2)	—
	0805 10 24	––– Oráistí bána	(2)	—
	0805 10 28	––– eile	(2)	—
	0805 10 80	–– eile	(3)	—
		– **Mandairíní (lena n-áirítear táinséiríní agus satsúmaí); cleimintíní, builcíní agus hibridí citris comhchosúla:**		
	0805 21	–– **Mandairíní (lena n-áirítear táinséiríní agus satsúmaí):**		
	0805 21 10	––– Satsúmaí	(2)	—
	0805 21 90	––– eile	(2)	—
	0805 22 00	–– **Cleimintíní**	(2)	—
	0805 29 00	–– **eile**	(2)	—
	0805 40 00	– **Seadóg agus pomalónna**	(4)	—
	0805 50	– **Líomóidí (*Citrus limon, Citrus limonum*) agus teilí (*Citrus aurantifolia, Citrus latifolia*):**		
	0805 50 10	–– Líomóidí (*Citrus limon, Citrus limonum*)	(2)	—
	0805 50 90	–– Teilí (*Citrus aurantifolia, Citrus latifolia*)	12,8	—

(1) — Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Bealtaine: 4,
— ón 1 Meitheamh go dtí an 30 Samhain: 5,1,
— ón 1 Nollaig go dtí an 31 Nollaig: 4.

(2) Féach Iarscríbhinn 2.

(3) — Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta: 16,
— ón 1 Aibreán go dtí an 15 Deireadh Fómhair: 12,
— ón 16 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig: 16.

(4) — Ón 1 Eanáir go dtí an 30 Aibreán: 1,5,
— ón 1 Bealtaine go dtí an 31 Deireadh Fómhair: 2,4,
— ón 1 Samhain go dtí an 31 Nollaig: 1,5.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
0805 90 00	– **eile**	12,8	—
0806	**Fíonchaora, iad úr nó triomaithe:**		
0806 10	– **úr:**		
0806 10 10	–– Fíonchaora boird	(1)	—
0806 10 90	–– eile	(2)	—
0806 20	– **iad triomaithe:**		
0806 20 10	–– Cuiríní	2,4	—
0806 20 30	–– Sabhdánaigh	2,4	—
0806 20 90	–– eile	2,4	—
0807	**Mealbhacáin (lena n-áirítear mealbhacáin uisce) agus pápánna, iad úr:**		
	– **Mealbhacáin (lena n-áirítear mealbhacáin uisce):**		
0807 11 00	–– **Mealbhacáin uisce**	8,8	—
0807 19 00	–– **eile**	8,8	—
0807 20 00	– **Pápánna**	Díolúine	—
0808	**Úlla, piorraí agus cainchí, iad úr:**		
0808 10	– **Úlla:**		
0808 10 10	–– Úlla ceirtlise, ar an mórchóir, ón 16 Meán Fómhair go dtí an 15 Nollaig	7,2 MIN0,36€/100kg/-100 kg/net	—
0808 10 80	–– eile	(1)	—
0808 30	– **Piorraí:**		
0808 30 10	–– Piorraí leanna, ar an mórchóir, ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig	7,2 MIN0,36€/100kg/-100 kg/net	—
0808 30 90	–– eile	(1)	—
0808 40 00	– **Cainchí**	7,2	—
0809	**Aibreoga, silíní, péitseoga (lena n-áirítear neachtairíní), plumaí agus airní, iad úr:**		
0809 10 00	– **Aibreoga**	(1)	—
	– **Silíní:**		
0809 21 00	–– **Silíní searbha (*Prunus cerasus*)**	(1)	—
0809 29 00	–– **eile**	(1)	—
0809 30	– **Péitseoga, lena n-áirítear neachtairíní:**		
0809 30 20	–– Péitseoga leathana (*Prunus persica var. platycarpa*) agus neachtairíní leathana (*Prunus persica var. platerina*)	(1)	—
	–– eile:		
0809 30 30	––– Neachtairíní	(1)	—
0809 30 80	––– eile	(1)	—

(1) Féach Iarscríbhinn 2.
(2) — Ón 1 Eanáir go dtí an 14 Iúil: 14,4,
— ón 15 Iúil go dtí an 31 Deireadh Fómhair: 17,6,
— ón 1 Samhain go dtí an 31 Nollaig: 14,4.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
0809 40	– **Plumaí agus airní:**		
0809 40 05	–– Plumaí	(1)	—
0809 40 90	–– Airní	12	—
0810	**Torthaí eile, iad úr:**		
0810 10 00	– **Sútha talún**	(2)	—
0810 20	– **Sútha craobh, sméara dubha, maoildearga agus lóganchaora:**		
0810 20 10	–– Sútha craobh	8,8	—
0810 20 90	–– eile	9,6	—
0810 30	– **Cuiríní dubha, bána nó dearga agus spíonáin:**		
0810 30 10	–– Cuiríní dubha	8,8	—
0810 30 30	–– Cuiríní dearga	8,8	—
0810 30 90	–– eile	9,6	—
0810 40	– **Mónóga, fraocháin agus torthaí eile den ghéineas *Vaccinium*:**		
0810 40 10	–– Bódhearca nó mónóga sléibhe (torthaí den speiceas *Vaccinium vitis-idaea*)	Díolúine	—
0810 40 30	–– Torthaí den speiceas *Vaccinium myrtillus*	3,2	—
0810 40 50	–– Torthaí den speiceas *Vaccinium macrocarpon* agus *Vaccinium corymbosum*	3,2	—
0810 40 90	–– eile	9,6	—
0810 50 00	– **Cíobhaíonna**	(3)	—
0810 60 00	– **Dúraígh**	8,8	—
0810 70 00	– **Dátphlumaí**	8,8	—
0810 90	– **eile:**		
0810 90 20	–– Tamarainí, úlla caisiú, lítsíonna, seacaí, plumaí sapadaileacha, páiseoga, torthaí réaltúla agus draigineoga	Díolúine	—
0810 90 75	–– eile	8,8	—
0811	**Torthaí agus cnónna, iad neamhchócaráilte nó cócaráilte trína ngalú nó trína mbeiriú in uisce, iad reoite, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó ná bíodh:**		
0811 10	– **Sútha talún:**		
	–– a bhfuil siúcra nó substaint eile mhilsithe curtha leo:		
0811 10 11	––– ina bhfuil cion siúcra is mó ná 13 % de réir meáchain	20,8 + 8,4 €/ 100 kg/net	—
0811 10 19	––– eile	20,8	—
0811 10 90	–– eile	14,4	—

(1) Féach Iarscríbhinn 2.
(2) — Ón 1 Eanáir go dtí an 30 Aibreán: 11,2,
— ón 1 Bealtaine go dtí an 31 Iúil: 12,8 MIN 2,4 €/100 kg/net,
— ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig: 11,2.
(3) — Ón 1 Eanáir go dtí an 14 Bealtaine: 8,8,
— ón 15 Bealtaine go dtí an 15 Samhain: 8,
— ón 16 Samhain go dtí an 31 Nollaig: 8,8.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
0811 20	– **Sútha craobh, sméara dubha, maoildearga, lóganchaora, cuiríní dubha, bána nó dearga agus spionáin:**		
	–– a bhfuil siúcra nó substaint eile mhilsithe curtha leo:		
0811 20 11	––– ina bhfuil cion siúcra is mó ná 13 % de réir meáchain	20,8 + 8,4 €/ 100 kg/net	—
0811 20 19	––– eile	20,8	—
	–– eile:		
0811 20 31	––– Sútha craobh	14,4	—
0811 20 39	––– Cuiríní dubha	14,4	—
0811 20 51	––– Cuiríní dearga	12	—
0811 20 59	––– Sméara dubha agus maoildearga	12	—
0811 20 90	––– eile	14,4	—
0811 90	– **eile:**		
	–– a bhfuil siúcra nó substaint eile mhilsithe curtha leo:		
	––– ina bhfuil cion siúcra is mó ná 13 % de réir meáchain:		
0811 90 11	–––– Torthaí trópaiceacha agus cnónna trópaiceacha	13 + 5,3 €/ 100 kg/net	—
0811 90 19	–––– eile	20,8 + 8,4 €/ 100 kg/net	—
	––– eile:		
0811 90 31	–––– Torthaí trópaiceacha agus cnónna trópaiceacha	13	—
0811 90 39	–––– eile	20,8	—
	–– eile:		
0811 90 50	––– Torthaí den speiceas *Vaccinium myrtillus*	12	—
0811 90 70	––– Torthaí den speiceas *Vaccinium myrtilloides* agus *Vaccinium angustifolium*	3,2	—
	––– Silíní:		
0811 90 75	–––– Silíní searbha (*Prunus cerasus*)	14,4	—
0811 90 80	–––– eile	14,4	—
0811 90 85	––– Torthaí trópaiceacha agus cnónna trópaiceacha	9	—
0811 90 95	––– eile	14,4	—
0812	**Torthaí agus cnónna atá leasaithe go sealadach ach nach bhfuil oiriúnach lena gcaitheamh láithreach sa riocht sin:**		
0812 10 00	– **Silíní**	8,8	—
0812 90	– **eile:**		
0812 90 25	–– Aibreoga; oráistí	12,8	—
0812 90 30	–– Pápánna	2,3	—
0812 90 40	–– Torthaí den speiceas *Vaccinium myrtillus*	6,4	—
0812 90 70	–– Guábhaí, mangónna, mangaistíní, tamarainí, úlla caisiú, lítsíonna, seacaí, plumaí sapadaíleacha, páiseoga, torthaí réaltúla, draigineoga agus cnónna trópaiceacha	5,5	—
0812 90 98	–– eile	8,8	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
0813	**Torthaí, triomaithe, seachas iad sin atá faoi theideal 0801 go 0806; meascáin de chnónna nó de thorthaí triomaithe atá faoin gcaibidil seo:**		
0813 10 00	– **Aibreoga**	5,6	—
0813 20 00	– **Prúnaí**	9,6	—
0813 30 00	– **Úlla**	3,2	—
0813 40	– **Torthaí eile:**		
0813 40 10	–– Péitseoga, lena n-áirítear neachtairíní	5,6	—
0813 40 30	–– Piorraí	6,4	—
0813 40 50	–– Pápánna	2	—
0813 40 65	–– Tamarainí, úlla caisiú, lítsíonna, seacaí, plumaí sapadaíleacha, páiseoga, torthaí réaltúla agus draigineoga	Díolúine	—
0813 40 95	–– eile	2,4	—
0813 50	– **Meascáin de chnónna nó de thorthaí triomaithe atá faoin gCaibidil seo:**		
	–– Meascáin de thorthaí triomaithe, seachas iad siúd atá faoi cheannteidil 0801 go 0806:		
	––– nach bhfuil prúnaí iontu:		
0813 50 12	–––– de phápánna, tamarainí, úlla caisiú, lítsíonna, seacaí, plumaí sapadaíleacha, páiseoga, torthaí réaltúla agus draigineoga	4	—
0813 50 15	–––– eile	6,4	—
0813 50 19	––– a bhfuil prúnaí iontu	9,6	—
	–– Meascáin nach bhfuil iontu ach cnónna atá faoi cheannteidil 0801 agus 0802:		
0813 50 31	––– cnónna trópaiceacha	4	—
0813 50 39	––– eile	6,4	—
	–– Meascáin eile:		
0813 50 91	––– nach bhfuil prúnaí ná figí iontu	8	—
0813 50 99	––– eile	9,6	—
0814 00 00	**Craiceann torthaí citris nó mealbhacán (lena n-áirítear mealbhacáin uisce), é úr, reoite, triomaithe nó leasaithe go sealadach faoi sháile, in uisce sulfair nó i dtuaslagáin leasaitheacha eile**	1,6	—

CAIBIDIL 9

CAIFE, TAE, MAITÉ AGUS SPÍOSRAÍ

Nótaí

1. Tá meascáin de na táirgí atá faoi cheannteidil 0904 go 0910 le haicmiú mar a leanas:

   a) tá meascán de dhá tháirge nó níos mó atá faoin gceannteideal céanna le haicmiú sa cheannteideal sin;

   b) tá meascán de dhá tháirge nó níos mó atá faoi cheannteidil dhifriúla le haicmiú i gceannteideal 0910.

   Maidir le substaintí eile a chur leis na táirgí atá faoi cheannteidil 0904 go 0910 (nó substaintí a chur leis na meascáin dá dtagraítear i mír (a) nó (b) thuas), ní dhéanfaidh sin difear don aicmiú atá acu, ar choinníoll go gcoinneoidh na meascáin a thagann dá bharr saincháil na n-earraí atá faoi na ceannteidil sin. Seachas sin, ní dhéantar meascáin den sórt sin a aicmiú sa chaibidil seo; déantar na meascáin sin ar tarsainn mheasctha agus blastanais mheasctha a aicmiú i gceannteideal 2103.

2. Ní chumhdaítear leis an gcaibidil seo piobar Iáva (*Piper cubeba*) táirgí eile faoi cheannteideal 1211.

Nóta ceannteidil

1. *An ráta dleachta is infheidhme maidir le meascáin dá dtagraítear i nóta 1(a), is é sin an ráta is infheidhme maidir leis an gcomhpháirt ag a bhfuil an ráta dleachta is airde.*

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
0901	**Caife, bíodh sé rósta nó díchaiféinithe nó ná bíodh; blaoscanna agus craicne caife; ionadaigh chaife a bhfuil cion éigin caife iontu:**		
	– **Caife, gan bheith rósta:**		
0901 11 00	–– **gan bheith díchaiféinithe**	Díolúine	—
0901 12 00	–– **é díchaiféinithe**	8,3	—
	– **Caife, é rósta:**		
0901 21 00	–– **gan bheith díchaiféinithe**	7,5	—
0901 22 00	–– **é díchaiféinithe**	9	—
0901 90	– **eile:**		
0901 90 10	–– Blaoscanna agus craicne caife	Díolúine	—
0901 90 90	–– Caife tacair ina bhfuil caife	11,5	—
0902	**Tae, bíodh sé blaistithe nó ná bíodh:**		
0902 10 00	– **Tae glas (gan bheith coipthe) i gcéadphacáistithe de mhéid nach mó ná 3 kg**	3,2	—
0902 20 00	– **Tae glas eile (gan bheith coipthe)**	Díolúine	—
0902 30 00	– **Tae dubh (é coipthe) agus tae atá coipthe go páirteach, i gcéadphacáistithe de mhéid nach nó ná 3 kg**	Díolúine	—
0902 40 00	– **Tae dubh eile (é coipthe) agus tae eile atá coipthe go páirteach**	Díolúine	—
0903 00 00	**Maité**	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
0904	**Piobar den ghéineas *Piper*; torthaí triomaithe, brúite nó meilte den ghéineas *Capsicum* nó den ghéineas *Pimenta*:**		
	– Piobar:		
0904 11 00	**–– é gan bhrú gan mheilt**	Díolúine	—
0904 12 00	**–– é brúite nó meilte**	4	—
	– Torthaí den ghéineas *Capsicum* nó den ghéineas *Pimenta*:		
0904 21	**–– iad triomaithe, gan bhrú gan mheilt:**		
0904 21 10	––– Piobair mhilse (*Capsicum annuum*)	9,6	—
0904 21 90	––– eile	Díolúine	—
0904 22 00	**–– iad brúite nó meilte**	5	—
0905	**Fanaile:**		
0905 10 00	**– í gan bhrú gan mheilt**	6	—
0905 20 00	**– í brúite nó meilte**	6	—
0906	**Cainéal agus bláthanna an chrainn cainéil:**		
	– é gan bhrú gan mheilt:		
0906 11 00	**–– Cainéal (*Cinnamomum zeylanicum Blume*)**	Díolúine	—
0906 19 00	**–– eile**	Díolúine	—
0906 20 00	**– é brúite nó meilte**	Díolúine	—
0907	**Clóibh (an toradh iomlán, na péacáin agus na gais):**		
0907 10 00	**– iad gan bhrú gan mheilt**	8	—
0907 20 00	**– iad brúite nó meilte**	8	—
0908	**Noitmig, maicis agus cardamaim:**		
	– Noitmig:		
0908 11 00	**–– í gan bhrú gan mheilt**	Díolúine	—
0908 12 00	**–– í brúite nó meilte**	Díolúine	—
	– Maicis:		
0908 21 00	**–– í gan bhrú gan mheilt**	Díolúine	—
0908 22 00	**–– í brúite nó meilte**	Díolúine	—
	– Cardamaim:		
0908 31 00	**–– iad gan bhrú gan mheilt**	Díolúine	—
0908 32 00	**–– iad brúite nó meilte**	Díolúine	—
0909	**Síolta ainíse, réalt-ainíse, finéil, lus an choire, cuimín nó cearbhais; caora aitil:**		
	– Síolta lus an choire:		
0909 21 00	**–– iad gan bhrú gan mheilt**	Díolúine	—
0909 22 00	**–– iad brúite nó meilte**	Díolúine	—
	– Síolta cuimín:		
0909 31 00	**–– iad gan bhrú gan mheilt**	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
0909 32 00	–– **iad brúite nó meilte**	Díolúine	—
	– **Síolta ainíse, réalt-ainíse, cearbhais nó finéil; caora aitil:**		
0909 61 00	–– **iad gan bhrú gan mheilt**	Díolúine	—
0909 62 00	–– **iad brúite nó meilte**	Díolúine	—
0910	**Sinséar, cróch, tuirmiric, tím, duilleoga labhrais, curaí agus spíosraí eile:**		
	– **Sinséar:**		
0910 11 00	–– **é gan bhrú gan mheilt**	Díolúine	—
0910 12 00	–– **é brúite nó meilte**	Díolúine	—
0910 20	– **Cróch:**		
0910 20 10	–– é gan bhrú gan mheilt	Díolúine	—
0910 20 90	–– é brúite nó meilte	8,5	—
0910 30 00	– **Tuirmiric**	Díolúine	—
	– **Spíosraí eile:**		
0910 91	–– **Meascáin dá dtagraítear i nóta 1(b) a ghabhann leis an gCaibidil seo:**		
0910 91 05	––– Curaí	Díolúine	—
	––– eile:		
0910 91 10	–––– é gan bhrú gan mheilt	Díolúine	—
0910 91 90	–––– é brúite nó meilte	12,5	—
0910 99	–– **eile:**		
0910 99 10	––– Síolta seimre Gréagaí	Díolúine	—
	––– Tím:		
	–––– í gan bhrú gan mheilt:		
0910 99 31	––––– Tím chreige (*Thymus serpyllum* L.)	Díolúine	—
0910 99 33	––––– eile	7	—
0910 99 39	–––– í brúite nó meilte	8,5	—
0910 99 50	––– Duilleoga labhrais	7	—
	––– eile:		
0910 99 91	–––– iad gan bhrú gan mheilt	Díolúine	—
0910 99 99	–––– iad brúite nó meilte	12,5	—

CAIBIDIL 10

GRÁNAIGH

Nótaí

1. A) Níl na táirgí a shonraítear sna ceannteidil atá faoin gcaibidil seo le haicmiú faoi na ceannteidil sin ach amháin más ann don ghráinne, bíodh sé i ndias nó i ngas an phlanda.

   B) Ní chumhdaítear leis an gCaibidil seo gráinní atá scilligthe nó atá oibrithe ar bhealach eile. Aicmítear rís i gceannteideal 1006 fós, áfach, bíodh sí scilligthe, meilte, snasta, glónraithe, cnagbhruite nó briste. Ar an gcaoi chéanna, aicmítear faoi cheannteideal 1008 fós, cuineo ar baineadh an peireacarp de go hiomlán nó go páirteach chun an tsapainin a dheighilt, ach nach ndearnadh é a chur trí aon phróiseas eile.

2. Ní chumhdaítear grán milis faoi cheannteideal 1005 (Caibidil 7).

Nóta fo-cheannteidil

1. Ciallaíonn an téarma 'cruithneacht chrua' cruithneacht den speiceas *Triticum durum* agus na hibridí a fhaightear trí chrosáil idirspeiceasach a dhéanamh le *Triticum durum* a bhfuil an líon céanna crómasóm acu (28) agus atá ag an speiceas sin.

Nótaí ceannteidil

1. *Is iad na bríonna seo thíos atá sannta do na téarmaí seo a leanas:*

   a) 'rís chruinnghránach' (fo-cheannteidil 1006 10 30, 1006 20 11, 1006 20 92, 1006 30 21, 1006 30 42, 1006 30 61 agus 1006 30 92): rís, nach mó a gráinní ná 5,2 mm ar fad agus a bhfuil cóimheas faid/leithid is lú ná 2 acu;

   b) 'rís mheánghránach' (fo-cheannteidil 1006 10 50, 1006 20 13, 1006 20 94, 1006 30 23, 1006 30 44, 1006 30 63 agus 1006 30 94): rís, is mó a gráinní ná 5,2 mm ar fad ach nach mó iad ná 6,0 mm ar fad agus a bhfuil cóimheas faid/leithid is lú ná 3 acu;

   c) 'rís fhadghránach' (fo-cheannteidil 1006 10 71, 1006 10 79, 1006 20 15, 1006 20 17, 1006 20 96, 1006 20 98, 1006 30 25, 1006 30 27, 1006 30 46, 1006 30 48, 1006 30 65, 1006 30 67, 1006 30 96 agus 1006 30 98): rís, is mó a gráinní ná 6,0 mm ar fad;

   d) 'rís gan scilligeadh' (fo-cheannteidil 1006 10 30, 1006 10 50, 1006 10 71, 1006 10 79 agus 1006 10 90): rís a choinnigh a crotal i ndiaidh a buailte;

   e) 'rís scilligthe' (fo-cheannteidil 1006 20 11, 1006 20 13, 1006 20 15, 1006 20 17, 1006 20 19, 1006 20 92, 1006 20 94, 1006 20 96, 1006 20 98 agus 1006 20 99): rís nár baineadh ach an crotal di. I measc na samplaí de rís a thagann faoin sainmhíniú seo, tá siad sin a shonraítear ar bhonn tráchtála mar 'rís dhonn', 'rís lasta', 'loonzain' agus 'riso sbramato';

   f) 'rís leathmheilte' (fo-cheannteidil 1006 30 21, 1006 30 23, 1006 30 25, 1006 30 27, 1006 30 29, 1006 30 42, 1006 30 44, 1006 30 46, 1006 30 48 agus 1006 30 49): rís ar baineadh an crotal di, mar aon le cuid den ghinidín agus cuid de shraitheanna seachtracha an pheireacairp nó iad go léir, ach nár baineadh na sraitheanna inmheánacha di;

   g) 'rís lánmheilte' (fo-cheannteidil 1006 30 61, 1006 30 63, 1006 30 65, 1006 30 67, 1006 30 69, 1006 30 92, 1006 30 94, 1006 30 96, 1006 30 98 agus 1006 30 99): rís ar baineadh an crotal di, mar aon le sraitheanna seachtracha agus inmheánacha uile an pheireacairp, agus an ginidín iomlán i gcás ríse fadghránaí nó ríse meánghránaí agus cuid de ar a laghad i gcás ríse cruinnghránaí, ach ar féidir fadstríoca bána a bheith fágtha ar líon nach mó ná 10 % de na gráinní;

   h) 'rís bhriste' (fo-cheannteideal 1006 40): bloghanna gráinne, nach mó iad ar fad ná trí cheathrú de mheánfhad na gráinne iomláine.

2. *Is é seo a leanas an ráta dleachta is infheidhme maidir le meascáin atá faoin gcaibidil seo:*

   a) i gcás meascáin ina bhfuil comhpháirt amháin arb é 90 % ar a laghad de réir meáchain den mheascán iomlán, beidh feidhm ag an ráta dleachta is infheidhme maidir leis an gcomhpháirt sin;

   b) i gcás meascáin eile, is é an ráta is infheidhme ráta na comhpháirte a mbíonn an dleacht allmhairiúcháin is airde mar thoradh air.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
1001	**Cruithneacht agus maislín:**		
	– **Cruithneacht chrua:**		
1001 11 00	–– **i bhfoirm síolta**	148 €/t (1)	—
1001 19 00	–– **eile**	148 €/t (1) (2)	—
	– **eile:**		
1001 91	–– **i bhfoirm síolta:**		
1001 91 10	––– Speilt (3)	12,8	—
1001 91 20	––– Cruithneacht bhog agus maislín	95 €/t (1)	—
1001 91 90	––– eile	95 €/t	—
1001 99 00	–– **eile**	95 €/t (1) (2)	—
1002	**Seagal:**		
1002 10 00	– **i bhfoirm síolta**	93 €/t (1)	—
1002 90 00	– **eile**	93 €/t (1)	—
1003	**Eorna:**		
1003 10 00	– **i bhfoirm síolta**	93 €/t (2)	—
1003 90 00	– **eile**	93 €/t (2)	—
1004	**Coirce:**		
1004 10 00	– **i bhfoirm síolta**	89 €/t	—
1004 90 00	– **eile**	89 €/t	—
1005	**Grán buí (arbhar Indiach):**		
1005 10	– **i bhfoirm síolta:**		
	–– grán buí hibrideach (3):		
1005 10 13	––– hibridí triaracha	Díolúine	—
1005 10 15	––– hibridí simplí	Díolúine	—
1005 10 18	––– eile	Díolúine	—
1005 10 90	–– eile	94 €/t (1) (2)	—
1005 90 00	– **eile**	94 €/t (1) (2)	—
1006	**Rís:**		
1006 10	– **Rís sa chrotal (gan scilligeadh nó garbh):**		
1006 10 10	–– atá le cur (3)	7,7	—
	–– eile:		
1006 10 30	––– den chineál cruinnghránach	211 €/t (2)	—

(1) Glacann an tAontas Eorpach mar chúram air féin, i ndáil le gránaigh atá faoi na ceannteidil seo a leanas:
— ex 1001 cruithneacht,
— 1002 seagal,
— ex 1005 grán buí, seachas síolta hibrideacha, agus
— ex 1007 sorgam, seachas hibridí atá le cur,
dleacht a chur i bhfeidhm ar leibhéal agus ar bhealach a fhágfaidh nach mó an praghas allmhairiúcháin a íocfar as na gránaigh sin ná an praghas idirghníomhaithe éifeachtach (nó i gcás modhnú ar an gcóras atá ann faoi láthair, an praghas tacaíochta éifeachtach) arna mhéadú faoi 55 %.
Ní mó an dleacht a chuirfear i bhfeidhm, i gcás ar bith, ná an dleacht a luaitear i gcolún 3.

(2) Taraif-chuóta EDT.

(3) Maidir le hiontráil a dhéanamh faoin bhfo-cheannteideal seo, tá sé sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i roinn II, mír F, de na réamhfhorálacha.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
1006 10 50	– – – den chineál meánghránach	211 €/t (1)	—
	– – – den chineál fadghránach:		
1006 10 71	– – – – a bhfuil cóimheas faid/leithid is mó ná 2 ach is lú ná 3 ag a gráinní	211 €/t (1)	—
1006 10 79	– – – – a bhfuil cóimheas faid/leithid cothrom le 3 nó níos mó ag a gráinní	211 €/t (1)	—
1006 10 90	– – – eile	211 €/t (1)	—
1006 20	– **Rís scilligthe (rís dhonn):**		
	– – í cnagbhruite:		
1006 20 11	– – – den chineál cruinnghránach	65 €/t (1) (2)	—
1006 20 13	– – – den chineál meánghránach	65 €/t (1) (2)	—
	– – – den chineál fadghránach:		
1006 20 15	– – – – a bhfuil cóimheas faid/leithid is mó ná 2 ach is lú ná 3 ag a gráinní	65 €/t (1) (2)	—
1006 20 17	– – – – a bhfuil cóimheas faid/leithid cothrom le 3 nó níos mó ag a gráinní (3)	65 €/t (1) (2)	—
1006 20 19	– – – eile (3)	65 €/t (1) (2)	—
	– – eile:		
1006 20 92	– – – den chineál cruinnghránach	65 €/t (1) (2)	—
1006 20 94	– – – den chineál meánghránach	65 €/t (1) (2)	—
	– – – den chineál fadghránach:		
1006 20 96	– – – – a bhfuil cóimheas faid/leithid is mó ná 2 ach is lú ná 3 ag a gráinní	65 €/t (1) (2)	—
1006 20 98	– – – – a bhfuil cóimheas faid/leithid cothrom le 3 nó níos mó ag a gráinní (3)	65 €/t (1) (2)	—
1006 20 99	– – – eile (3)	65 €/t (1) (2)	—
1006 30	– **Rís leathmheilte nó rís lánmheilte, bíodh sí snasta nó glónraithe nó ná bíodh:**		
	– – Rís leathmheilte:		
	– – – í cnagbhruite:		
1006 30 21	– – – – den chineál cruinnghránach	175 €/t (1) (2)	—
1006 30 23	– – – – den chineál meánghránach	175 €/t (2) (1)	—
	– – – – den chineál fadghránach:		
1006 30 25	– – – – – a bhfuil cóimheas faid/leithid is mó ná 2 ach is lú ná 3 ag a gráinní	175 €/t (2) (1)	—
1006 30 27	– – – – – a bhfuil cóimheas faid/leithid cothrom le 3 nó níos mó ag a gráinní (3)	175 €/t (2) (1)	—
1006 30 29	– – – – eile (3)	175 €/t (2) (1)	—
	– – – eile:		
1006 30 42	– – – – den chineál cruinnghránach	175 €/t (2) (1)	—
1006 30 44	– – – – den chineál meánghránach	175 €/t (2) (1)	—
	– – – – den chineál fadghránach:		
1006 30 46	– – – – – a bhfuil cóimheas faid/leithid is mó ná 2 ach is lú ná 3 ag a gráinní	175 €/t (2) (1)	—

(1) Taraif-chuóta EDT.

(2) I leith rís scilligthe faoi na fo-cheannteidil 1006 20 11 go 1006 20 99, is féidir go mbeadh an dleacht allmhairiúcháin faoi réir laghdú taraife de réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais.
I leith rís leathmheilte nó rís lánmheilte faoi na fo-cheannteidil 1006 30 21 go 1006 30 99, is féidir go mbeadh an dleacht allmhairiúcháin faoi réir laghdú taraife de réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais.

(3) Cóid staidrimh TARIC: féach Iarscríbhinn 10.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
1006 30 48	– – – – – a bhfuil cóimheas faid/leithid cothrom le 3 nó níos mó ag a gráinní (1)	175 €/t (2) (3)	—
1006 30 49	– – – – eile (1)	175 €/t (2) (3)	—
	– – Rís lánmheilte:		
	– – – í cnagbhruite:		
1006 30 61	– – – – den chineál cruinnghránach	175 €/t (2) (3)	—
1006 30 63	– – – – den chineál meánghránach	175 €/t (2) (3)	—
1. Tá feidhm ag an gcaibidil seo maidir le hearraí rédhéanta amháin atá déanta as fabraic theicstíle eile seachas flocas, gan earraí cniotáilte nó cróiseáilte san áireamh (seachas iad siúd atá faoi cheannteideal 6212).

2. Ní chumhdaítear an méid a leanas sa chaibidil seo:

   a) éadaí caite nó earraí caite eile atá faoi cheannteideal 6309; nó

   b) fearais ortaipéideacha, criosanna máinliachta, trusanna nó a leithéid (ceannteideal 9021).

3. Chun críocha cheannteidil 6203 agus 6204:

   a) Ciallaíonn an téarma 'culaith' foireann éadaí ina bhfuil dhá phíosa nó trí phíosa atá rédhéanta, i ndáil lena ndromchla seachtrach, i bhfabraicí comhionanna agus lena gcuimsítear an méid a leanas:

      — cóta culaithe nó seaicéad culaithe a bhfuil ceithre phainéal nó níos mó ar a bhlaosc sheachtrach, gan muinchillí san áireamh, atá deartha chun uachtar an choirp a chlúdach, b'fhéidir le bástchóta táilliúrtha chomh maith a bhfuil a thaobh tosaigh déanta as an bhfabraic chéanna agus atá ar dhromchla seachtrach na gcomhpháirteanna eile san fhoireann agus a bhfuil an cúl de déanta as an bhfabraic chéanna agus atá i líneáil an chóta chulaithe nó an tseaicéid chulaithe, agus

      — ball éadaigh amháin atá deartha chun íochtar an choirp a chlúdach arb ionann é agus treabhsar, bríste nó bríste gearr (seachas feisteas snámha), sciorta nó sciorta roinnte, gan ghuailleáin ná bheannóga.

      Ba cheart an déantús fabraice céanna, an dath céanna agus an comhdhéanamh céanna a bheith i gcomhpháirteanna uile na culaithe; ba cheart iad a bheith den stíl chéanna agus ar mhéid comhfhreagrach nó comhoiriúnach chomh maith. D'fhéadfadh cuisliú (stiall fabraice atá fuaite san uaim) i bhfabraic dhifriúil a bheith ar na comhpháirteanna sin áfach.

      Má chuirtear roinnt comhpháirteanna ar leith chun íochtar an choirp a chlúdach i láthair le chéile (mar shampla, dhá phéire treabhsair nó treabhsar agus bríste gearr, nó sciorta nó sciorta roinnte agus treabhsar), measfar péire treabhsair amháin nó, i gcás cultacha ban nó cailíní, an sciorta nó an sciorta roinnte amháin mar an gcomhpháirt íochtarach agus déanfar na baill éadaigh eile a mheas ar leithligh.

      Áirítear na foirne ball éadaigh seo a leanas leis an téarma 'culaith', cibé an gcomhlíontar na coinníollacha uile thuas leo nó nach gcomhlíontar:

      — éadaí maidine, ina bhfuil seaicéad gan phatrún (scoite) le heireaball chruinne ar crochadh ag an gcúl agus treabhsar stríocach,

      — éadaí tráthnóna (cóta eireaball), atá déanta as fabraic dhubh de ghnáth, ina bhfuil an seaicéad réasúnta gearr ar an taobh tosaigh, nach féidir é a dhúnadh agus a bhfuil sciortaí cúnga gearrtha isteach ag na cromáin agus a chrochann síos ar chúl,

      — cultacha le seaicéad dinnéir, ina bhfuil stíl an tseaicéid cosúil le gnáthsheaicéad (ach le níos mó d'aghaidh na léine ar taispeáint b'fhéidir), ach a bhfuil síoda glasta nó síoda bréige ar na liopaí.

b) Ciallaíonn an téarma 'ensemble' foireann éadaí (seachas cultacha agus earraí atá faoi cheannteidil 6207 nó 6208) ina bhfuil roinnt píosaí atá déanta as fabraic chomhionann, atá cóirithe lena miondíol, agus lena gcuimsítear:

— ball éadaigh amháin atá deartha chun uachtar an choirp a chlúdach, seachas bástchótaí a d'fhéadfadh a bheith ina ndara ball éadaigh uachtair chomh maith, agus

— ball éadaigh amháin nó dhá cheann atá deartha chun íochtar an choirp a chlúdach arb ionann iad agus treabhsar, rabhlaer beannóg is guailleán, bríste nó bríste gearr (seachas feisteas snámha), sciorta nó sciorta roinnte.

Ba cheart an déantús fabraice céanna, an dath céanna agus an comhdhéanamh céanna a bheith i gcomhpháirteanna uile ensemble; ba cheart iad a bheith ar mhéid comhfhreagrach nó comhoiriúnach chomh maith. Níl feidhm ag an téarma 'ensemble' maidir le cultacha spóirt ná cultacha sciála, atá faoi cheannteideal 6211.

4. Ní chumhdaíonn ceannteidil 6205 agus 6206 baill éadaigh a bhfuil pócaí iontu faoin gcrios, baill éadaigh a bhfuil crios fite iontu nó modhanna eile leis an mball a fháisceadh in íochtar. Ní chumhdaíonn ceannteideal 6205 baill éadaigh gan mhuinchillí.

'Léinte' agus 'léinte-blúsanna' is baill éadaigh chun an chabhail a chlúdach, baill ar a bhfuil muinchillí fada nó gearra agus oscailt mhór nó leathoscailt ón muineál aníos. Is éard is 'blús' ann ball éadaigh agus é scaoilte, ball a dearadh chun an chabhail a chumhdach ach a bhféadfadh gan muinchillí a bheith air, bíodh oscailt ann ón muineál aníos nó ná bíodh. An 'léine', an 'léine-blús' agus an 'blús', tharlódh coiléar orthu chomh maith.

5. Chun críocha cheannteideal 6209:

a) ciallaíonn an téarma 'baill éadaigh agus gabhálais éadaigh do bhabaithe' earraí do leanaí óga nach bhfuil níos airde ná 86 cm;

b) i gcás earraí ar féidir iad a aicmiú *prima facie* faoi cheannteideal 6209 agus faoi cheannteidil eile sa chaibidil seo araon, ba cheart iad a aicmiú faoi cheannteidil 6209.

6. i gcás baill éadaigh ar féidir iad a aicmiú *prima facie* faoi cheannteideal 6210 agus faoi cheannteidil eile sa chaibidil seo araon, seachas caibidil 6209 ba cheart iad a aicmiú faoi cheannteideal 6210.

7. Chun críocha cheannteideal 6211, ciallaíonn 'cultacha sciála' baill éadaigh nó foirne éadaí, ar féidir a aithint ón gcuma ghinearálta agus uigeacht atá orthu, go bhfuil sé beartaithe iad a chaitheamh le haghaidh sciála (trastíre nó Alpach) go príomha. Is éard atá iontu:

a) 'rabhlaer sciála', arb é atá ann ná ball éadaigh aonphíosa atá deartha chun uachtar agus íochtar an choirp a chlúdach; chomh maith le muinchillí agus bóna, féadfaidh pócaí nó strapaí coise a bheith ar an rabhlaer sciála; nó

b) ensemble sciála', arb é atá ann ná foireann ball éadaigh ina bhfuil dhá phíosa nó trí phíosa, atá cóirithe lena mhiondíol agus lena gcuimsítear an méid a leanas:

— ball éadaigh amháin amhail anorac, cídeog, seaicéad gaoithe nó ball comhchosúil, ar féidir é a dhúnadh le fáiscín sleamhnáin (zip), b'fhéidir le bástchóta chomh maith, agus

— péire treabhsair amháin, bídís os cionn leibhéal na coime nó ná bídís, péire bristí amháin nó rabhlaer beannóg is guailleán amháin.

Féadfaidh rabhlaer cosúil leis an gceann a luaitear i mír (a) thuas, mar aon le seaicéad stuáilte, gan mhuinchillí a chaitear os cionn an rabhlaeir, a bheith san áireamh le 'ensemble sciála' chomh maith.

Ní mór do chomhpháirteanna uile an 'ensemble sciála' a bheith déanta as fabraic den uigeacht, stíl agus comhdhéanamh céanna, bídís ar aon dath nó ná bídís; Ní mór dóibh a bheith de mhéid comhfhreagrach nó comhoiriúnach chomh maith.

8. Ba cheart scaifeanna agus earraí de chineál scaife, atá cearnógach nó thart ar chearnógach, nach mó ná 60 cm ar fhad aon taobh díobh, a aicmiú mar chiarsúir (ceannteideal 6213). Ba cheart ciarsúir ar mó ná 60 cm ar fhad aon taobh díobh a aicmiú faoi cheannteidil 6214.

9. Measfar baill éadaigh faoin gcaibidil seo atá deartha lena ndúnadh clé-thar-dheas ar an taobh tosaigh mar bhaill éadaigh d'fhir nó do bhuachaillí, agus measfar na baill éadaigh sin atá deartha lena ndúnadh deas-thar-chlé ar an taobh tosaigh mar bhaill éadaigh do mhná nó do chailíní. Níl feidhm ag na forálacha sin i gcás inar léir ó chruth an bhaill éadaigh gur dearadh é d'fhir nó do mhná.

I gcás baill éadaigh nach féidir iad a aithint mar éadaí d'fhir nó do bhuachaillí nó mar éadaí do mhná nó do chailíní, ba cheart iad a aicmiú faoi na ceannteidil lena gcumhdaítear baill éadaigh do mhná nó do chailíní.

10. Féadfaidh earraí faoin gcaibidil seo a bheith déanta as snáithín miotail.

Nóta breise

1. *Chun nóta 3(b) a ghabhann leis an gcaibidil seo a chur i bhfeidhm, ní mór comhpháirteanna ensemble a bheith déanta go hiomlán as fabraic chomhionann aonair, faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha eile a leagtar síos sa nóta sin.*

Chun na críche sin: is féidir leis an bhfabraic sin a bheith neamhthuartha, tuartha, ruaimnithe, déanta as snáitheanna ar dhathanna éagsúla nó priontáilte.

Ní mheasfar foirne ball éadaigh a bheith mar ensembles má tá a gcomhpháirteanna déanta as fabraicí éagsúla, fiú mura bhfuil ach dathanna difriúla orthu.

Caithfear comhpháirteanna uile an ensemble a chur i láthair le chéile lena miondíol mar aonad amháin. I gcás in bhfuil gach comhpháirt d'aonad aonair clúdaithe ar leithligh nó lipéid ar leith orthu, ní bheidh tionchar aige sin ar a aicmiú mar ensemble.

2. *Faoi cheannteidil 6209 agus 6216 cumhdaítear lámhainní, mitíní agus miotóga, iad tuilte, brataithe nó clúdaithe le plaistigh nó le rubar, fiú amháin sna cásanna seo a leanas:*

— *go bhfuil siad rédhéanta as fabraicí teicstíle (seachas fabraicí cniotáilte nó cróiseáilte), iad tuilte, brataithe nó clúdaithe le plaistigh nó le rubar, atá faoi cheannteideal 5903 nó 5906, nó*

— *go raibh siad rédhéanta as fabraicí teicstíle (seachas fabraicí cniotáilte nó cróiseáilte) nach raibh tuilte, brataithe ná clúdaithe agus go ndearnadh iad a thuile, a bhratú nó a clúdach le plaistigh nó le rubar ina dhiaidh sin.*

I gcás ina bhfuil fabraicí teicstíle cniotáilte nó cróiseáilte ann chun críocha treisithe amháin ba cheart lámhainní, mitíní agus miotóga atá tuilte, brataithe nó clúdaithe le plaistigh cheallacha nó rubar ceallach a aicmiú faoi Chaibidil 39 nó 40, fiú amháin sa chás go ndearnadh iad ar dtús as fabraicí teicstíle (seachas fabraicí cniotáilte nó cróiseáilte) nach raibh tuilte, brataithe ná clúdaithe agus go ndearnadh iad a thuile, a bhratú nó a chlúdach le plaistigh cheallacha nó le rubar ceallach ina dhiaidh sin (nóta 2(a)(5) agus nóta 5, an mhír dheireanach, le Caibidil 59).

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
6201	**Cótaí móra, cótaí gluaisteáin, cábaí, clócaí, anoraic (lena n-áirítear seaicéid sciála), cídeoga, seaicéid ghaoithe agus earraí comhchosúla d'fhir nó do bhuachaillí, seachas iad sin atá faoi cheannteideal 6203:**		
6201 20 00	– **as olann nó as fionnadh ainmhíoch mín**	12	p/st
6201 30	– **as cadás:**		
6201 30 10	–– ina bhfuil meáchan nach mó ná 1 kg in aghaidh an bhaill éadaigh	12	p/st
6201 30 90	–– ina bhfuil meáchan is mó ná 1 kg in aghaidh an bhaill éadaigh	12	p/st
6201 40	– **as snáithíní de dhéantús an duine:**		
6201 40 10	–– ina bhfuil meáchan nach mó ná 1 kg in aghaidh an bhaill éadaigh	12	p/st
6201 40 90	–– ina bhfuil meáchan is mó ná 1 kg in aghaidh an bhaill éadaigh	12	p/st
6201 90 00	– **as ábhair theicstíle eile**	12	p/st
6202	**Cótaí móra, cótaí gluaisteáin, cábaí, clócaí, anoraic (lena n-áirítear seaicéid sciála), cídeoga, seaicéid ghaoithe agus earraí comhchosúla do mhná nó do chailíní, seachas iad sin atá faoi cheannteideal 6204:**		
6202 20 00	– **as olann nó as fionnadh ainmhíoch mín**	12	p/st

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
6202 30	– **as cadás:**		
6202 30 10	–– ina bhfuil meáchan nach mó ná 1 kg in aghaidh an bhaill éadaigh	12	p/st
6202 30 90	–– ina bhfuil meáchan is mó ná 1 kg, in aghaidh an bhaill éadaigh	12	p/st
6202 40	– **as snáithíní de dhéantús an duine:**		
6202 40 10	–– ina bhfuil meáchan nach mó ná 1 kg in aghaidh an bhaill éadaigh	12	p/st
6202 40 90	–– ina bhfuil meáchan is mó ná 1 kg, in aghaidh an bhaill éadaigh	12	p/st
6202 90 00	– **as ábhair theicstíle eile**	12	p/st
6203	**Cultacha, ensembles, seaicéid, bléasair, treabhsair, rabhlaer beannóg is guailleán, bríst agus bríst sciota (seachas feistis snámha) d'fhir nó do bhuachaillí:**		
	– **Cultacha:**		
6203 11 00	–– **as olann nó as fionnadh ainmhíoch mín**	12	p/st
6203 12 00	–– **as snáithíní sintéiseacha**	12	p/st
6203 19	–– **as ábhair theicstíle eile:**		
6203 19 10	––– as cadás	12	p/st
6203 19 30	––– as snáithíní saorga	12	p/st
6203 19 90	––– as ábhair theicstíle eile	12	p/st
	– **Ensembles:**		
6203 22	–– **as cadás:**		
6203 22 10	––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
6203 22 80	––– eile	12	p/st
6203 23	–– **as snáithíní sintéiseacha:**		
6203 23 10	––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
6203 23 80	––– eile	12	p/st
6203 29	–– **as ábhair theicstíle eile:**		
	––– as snáithíní saorga:		
6203 29 11	–––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
6203 29 18	–––– eile	12	p/st
6203 29 30	––– as olann nó as fionnadh ainmhíoch mín	12	p/st
6203 29 90	––– as ábhair theicstíle eile	12	p/st
	– **Seaicéid agus bléasair:**		
6203 31 00	–– **as olann nó as fionnadh ainmhíoch mín**	12	p/st
6203 32	–– **as cadás:**		
6203 32 10	––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
6203 32 90	––– eile	12	p/st
6203 33	–– **as snáithíní sintéiseacha:**		
6203 33 10	––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
6203 33 90	––– eile	12	p/st

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
6203 39	–– **as ábhair theicstíle eile:**		
	––– as snáithíní saorga:		
6203 39 11	–––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
6203 39 19	–––– eile	12	p/st
6203 39 90	––– as ábhair theicstíle eile	12	p/st
	– **Treabhsair, rabhlaer beannóg is guailleán, brístí agus brístí gearra:**		
6203 41	–– **as olann nó as fionnadh ainmhíoch mín:**		
6203 41 10	––– Treabhsair agus brístí	12	p/st
6203 41 30	––– Rabhlaer beannóg is guailleán	12	p/st
6203 41 90	––– eile	12	p/st
6203 42	–– **as cadás:**		
	––– Treabhsair agus brístí:		
6203 42 11	–––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
	–––– eile:		
6203 42 31	––––– as denim	12	p/st
6203 42 33	––––– as corda an rí atá gearrtha	12	p/st
6203 42 35	––––– eile	12	p/st
	––– Rabhlaer beannóg is guailleán:		
6203 42 51	–––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
6203 42 59	–––– eile	12	p/st
6203 42 90	––– eile	12	p/st
6203 43	–– **as snáithíní sintéiseacha:**		
	––– Treabhsair agus brístí:		
6203 43 11	–––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
6203 43 19	–––– eile	12	p/st
	––– Rabhlaer beannóg is guailleán:		
6203 43 31	–––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
6203 43 39	–––– eile	12	p/st
6203 43 90	––– eile	12	p/st
6203 49	–– **as ábhair theicstíle eile:**		
	––– as snáithíní saorga:		
	–––– Treabhsair agus brístí:		
6203 49 11	––––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
6203 49 19	––––– eile	12	p/st
	–––– Rabhlaer beannóg is guailleán:		
6203 49 31	––––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
6203 49 39	––––– eile	12	p/st
6203 49 50	–––– eile	12	p/st
6203 49 90	––– as ábhair theicstíle eile	12	p/st

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
6204	**Cultacha, ensembles, seaicéid, bléasair, gúnaí, sciortaí, sciortaí roinnte, treabhsair, rabhlaer beannóg is guailleán, bristí agus bristí gearra (seachas feistis snámha) do mhná nó do chailíní:**		
	– **Cultacha:**		
6204 11 00	–– **as olann nó as fionnadh ainmhíoch mín**	12	p/st
6204 12 00	–– **as cadás**	12	p/st
6204 13 00	–– **as snáithíní sintéiseacha**	12	p/st
6204 19	–– **as ábhair theicstíle eile:**		
6204 19 10	––– as snáithíní saorga	12	p/st
6204 19 90	––– as ábhair theicstíle eile	12	p/st
	– **Ensembles:**		
6204 21 00	–– **as olann nó as fionnadh ainmhíoch mín**	12	p/st
6204 22	–– **as cadás:**		
6204 22 10	––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
6204 22 80	––– eile	12	p/st
6204 23	–– **as snáithíní sintéiseacha:**		
6204 23 10	––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
6204 23 80	––– eile	12	p/st
6204 29	–– **as ábhair theicstíle eile:**		
	––– as snáithíní saorga:		
6204 29 11	–––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
6204 29 18	–––– eile	12	p/st
6204 29 90	––– as ábhair theicstíle eile	12	p/st
	– **Seaicéid agus bléasair:**		
6204 31 00	–– **as olann nó as fionnadh ainmhíoch mín**	12	p/st
6204 32	–– **as cadás:**		
6204 32 10	––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
6204 32 90	––– eile	12	p/st
6204 33	–– **as snáithíní sintéiseacha:**		
6204 33 10	––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
6204 33 90	––– eile	12	p/st
6204 39	–– **as ábhair theicstíle eile:**		
	––– as snáithíní saorga:		
6204 39 11	–––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
6204 39 19	–––– eile	12	p/st
6204 39 90	––– as ábhair theicstíle eile	12	p/st
	– **Gúnaí:**		
6204 41 00	–– **as olann nó as fionnadh ainmhíoch mín**	12	p/st
6204 42 00	–– **as cadás**	12	p/st
6204 43 00	–– **as snáithíní sintéiseacha**	12	p/st

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
6204 44 00	–– **as snáithíní saorga**	12	p/st
6204 49	–– **as ábhair theicstíle eile:**		
6204 49 10	––– as síoda nó dramhshíoda	12	p/st
6204 49 90	––– as ábhair theicstíle eile	12	p/st
	– **Sciortaí agus sciortaí roinnte:**		
6204 51 00	–– **as olann nó as fionnadh ainmhíoch mín**	12	p/st
6204 52 00	–– **as cadás**	12	p/st
6204 53 00	–– **as snáithíní sintéiseacha**	12	p/st
6204 59	–– **as ábhair theicstíle eile:**		
6204 59 10	––– as snáithíní saorga	12	p/st
6204 59 90	––– as ábhair theicstíle eile	12	p/st
	– **Treabhsair, rabhlaeir beannóg is guailleán, bríste agus bríste gearra:**		
6204 61	–– **as olann nó as fionnadh ainmhíoch mín:**		
6204 61 10	––– Treabhsair agus bríste	12	p/st
6204 61 85	––– eile	12	p/st
6204 62	–– **as cadás:**		
	––– Treabhsair agus bríste:		
6204 62 11	–––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
	–––– eile:		
6204 62 31	––––– as deinim	12	p/st
6204 62 33	––––– as corda an rí atá gearrtha	12	p/st
6204 62 39	––––– eile	12	p/st
	––– Rabhlaer beannóg is guailleán:		
6204 62 51	–––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
6204 62 59	–––– eile	12	p/st
6204 62 90	––– eile	12	p/st
6204 63	–– **as snáithíní sintéiseacha:**		
	––– Treabhsair agus bríste:		
6204 63 11	–––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
6204 63 18	–––– eile	12	p/st
	––– Rabhlaeir beannóg is guailleán:		
6204 63 31	–––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
6204 63 39	–––– eile	12	p/st
6204 63 90	––– eile	12	p/st
6204 69	–– **as ábhair theicstíle eile:**		
	––– as snáithíní saorga:		
	–––– Treabhsair agus bríste:		
6204 69 11	––––– de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
6204 69 18	––––– eile	12	p/st

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
	– – – – Rabhlaeir beannóg is guailleán:		
6204 69 31	– – – – – de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	p/st
6204 69 39	– – – – – eile	12	p/st
6204 69 50	– – – – eile	12	p/st
6204 69 90	– – – as ábhair theicstíle eile	12	p/st
6205	**Léinte d'fhir nó do bhuachaillí:**		
6205 20 00	– **as cadás**	12	p/st
6205 30 00	– **as snáithíní de dhéantús an duine**	12	p/st
6205 90	– **as ábhair theicstíle eile:**		
6205 90 10	– – as líon nó ráimí	12	p/st
6205 90 80	– – as ábhair theicstíle eile	12	p/st
6206	**Blúsanna, léinte agus blúsléinte do mhná nó do chailíní:**		
6206 10 00	– **as síoda nó dramhshíoda**	12	p/st
6206 20 00	– **as olann nó as fionnadh ainmhíoch mín**	12	p/st
6206 30 00	– **as cadás**	12	p/st
6206 40 00	– **as snáithíní de dhéantús an duine**	12	p/st
6206 90	– **as ábhair theicstíle eile:**		
6206 90 10	– – as líon nó ráimí	12	p/st
6206 90 90	– – as ábhair theicstíle eile	12	p/st
6207	**Fobhríste, brístíní, léinte oíche, pitseámaí, fallaingeacha folctha, fallaingeacha seomra agus baill éadaigh chomhchosúla d'fhir nó do bhuachaillí:**		
	– **Fobhríste agus brístíní:**		
6207 11 00	– – **as cadás**	12	p/st
6207 19 00	– – **as ábhair theicstíle eile**	12	p/st
	– **Léinte oíche agus pitseámaí:**		
6207 21 00	– – **as cadás**	12	p/st
6207 22 00	– – **as snáithíní de dhéantús an duine**	12	p/st
6207 29 00	– – **as ábhair theicstíle eile**	12	p/st
	– **eile:**		
6207 91 00	– – **as cadás**	12	—
6207 99	– – **as ábhair theicstíle eile:**		
6207 99 10	– – – as snáithíní de dhéantús an duine	12	—
6207 99 90	– – – as ábhair theicstíle eile	12	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
6208	**Singléid agus veisteanna eile, foghúnaí, peireacóit, brístíní, mionbhrístíní, gúnaí oíche, pitseámaí, négligées, fallaingeacha folctha, fallaingeacha seomra agus baill éadaigh chomhchosúla do mhná nó do chailíní:**		
	– Foghúnaí agus peireacóit:		
6208 11 00	–– **as snáithíní de dhéantús an duine**	12	p/st
6208 19 00	–– **as ábhair theicstíle eile**	12	p/st
	– Gúnaí oíche agus pitseámaí:		
6208 21 00	–– **as cadás**	12	p/st
6208 22 00	–– **as snáithíní de dhéantús an duine**	12	p/st
6208 29 00	–– **as ábhair theicstíle eile**	12	p/st
	– eile:		
6208 91 00	–– **as cadás**	12	—
6208 92 00	–– **as snáithíní de dhéantús an duine**	12	—
6208 99 00	–– **as ábhair theicstíle eile**	12	—
6209	**Baill éadaigh agus gabhálais éadaigh do bhabaithe:**		
6209 20 00	– **as cadás**	10,5	—
6209 30 00	– **as snáithíní sintéiseacha**	10,5	—
6209 90	– **as ábhair theicstíle eile:**		
6209 90 10	–– as olann nó as fionnadh ainmhíoch mín	10,5	—
6209 90 90	–– as ábhair theicstíle eile	10,5	—
6210	**Baill éadaigh, rédhéanta as fabraicí atá faoi cheannteideal 5602, 5603, 5903, 5906 nó 5907:**		
6210 10	– **fabraicí atá faoi cheannteideal 5602 nó 5603:**		
6210 10 10	–– fabraicí atá faoi cheannteideal 5602	12	—
	–– fabraicí atá faoi cheannteideal 5603:		
6210 10 92	––– Gúnaí aon-úsáide, de chineál a úsáideann othair nó máinlianna le linn gnáthaimh mháinliachta	12	—
6210 10 98	––– eile	12	—
6210 20 00	– **Baill éadaigh eile, den chineál a thuairiscítear i gceannteidil 6201**	12	p/st
6210 30 00	– **Baill éadaigh eile, den chineál a thuairiscítear i gceannteidil 6202**	12	p/st
6210 40 00	– **baill éadaigh eile d'fhir nó do bhuachaillí**	12	—
6210 50 00	– **baill éadaigh eile do mhná nó do chailíní**	12	—
6211	**Cultacha spóirt, cultacha sciála agus feistis snámha; baill éadaigh eile:**		
	– Feistis snámha:		
6211 11 00	–– **d'fhir nó do bhuachaillí**	12	p/st
6211 12 00	–– **do mhná nó do chailíní**	12	p/st
6211 20 00	– **Cultacha sciála**	12	p/st

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
	– **baill éadaigh eile d'fhir nó do bhuachaillí:**		
6211 32	–– **as cadás:**		
6211 32 10	––– Éadaí de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	—
	––– Cultacha spóirt ina bhfuil líneáil:		
6211 32 31	–––– ag a bhfuil blaosc sheachtrach as fabraic chomhionann aonair	12	p/st
	–––– eile:		
6211 32 41	––––– Codanna uachtaracha	12	p/st
6211 32 42	––––– Codanna íochtaracha	12	p/st
6211 32 90	––– eile	12	—
6211 33	–– **as snáithíní de dhéantús an duine:**		
6211 33 10	––– Éadaí de chineál tionsclaíoch agus ceirde	12	—
	––– Cultacha spóirt ina bhfuil líneáil:		
6211 33 31	–––– ag a bhfuil blaosc sheachtrach as fabraic chomhionann aonair	12	p/st
	–––– eile:		
6211 33 41	––––– Codanna uachtaracha	12	p/st
6211 33 42	––––– Codanna íochtaracha	12	p/st
6211 33 90	––– eile	12	—
6211 39 00	–– **as ábhair theicstíle eile**	12	—
	– **baill éadaigh eile do mhná nó do chailíní:**		
6211 42	–– **as cadás:**		
6211 42 10	––– Naprúin, rabhlaeir, rabhlaeir forléine agus éadaí eile de chineál tionsclaíoch agus ceirde (bídís oiriúnach le haghaidh úsáid tís freisin nó ná bídís)	12	—
	––– Cultacha spóirt ina bhfuil líneáil:		
6211 42 31	–––– ag a bhfuil blaosc sheachtrach as fabraic chomhionann aonair	12	p/st
	–––– eile:		
6211 42 41	––––– Codanna uachtaracha	12	p/st
6211 42 42	––––– Codanna íochtaracha	12	p/st
6211 42 90	––– eile	12	—
6211 43	–– **as snáithíní de dhéantús an duine:**		
6211 43 10	––– Naprúin, rabhlaer, rabhlaer forléine agus éadaí eile de chineál tionsclaíoch agus ceirde (bídís oiriúnach le haghaidh úsáid tís freisin nó ná bídís)	12	—
	––– Cultacha spóirt ina bhfuil líneáil:		
6211 43 31	–––– ag a bhfuil blaosc sheachtrach as fabraic chomhionann aonair	12	p/st
	–––– eile:		
6211 43 41	––––– Codanna uachtaracha	12	p/st
6211 43 42	––––– Codanna íochtaracha	12	p/st
6211 43 90	––– eile	12	—
6211 49 00	–– **as ábhair theicstíle eile**	12	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
6212	**Cíochbheart, sursaingí, cóirséid, guailleáin, crochóga, gairtéir agus baill éadaigh chomhchosúla agus codanna díobh, bídís cniotáilte nó cróiseáilte nó ná bídís:**		
6212 10	– **Cíochbheart:**		
6212 10 10	–– Ii bhfoireann atá rédhéanta lena miondíol agus ina bhfuil cíochbheart agus brístíní	6,5	p/st
6212 10 90	–– eile	6,5	p/st
6212 20 00	– **Sursaingí agus brístíní sursainge**	6,5	p/st
6212 30 00	– **Cóirsiléidí**	6,5	p/st
6212 90 00	– **eile**	6,5	—
6213	**Ciarsúir:**		
6213 20 00	– **as cadás**	10	p/st
6213 90 00	– **as ábhair theicstíle eile**	10	p/st
6214	**Seálta, scaifeanna, muifléid, maintillí, caillí agus a leithéidí:**		
6214 10 00	– **as síoda nó dramhshíoda**	8	p/st
6214 20 00	– **as olann nó as fionnadh ainmhíoch mín**	8	p/st
6214 30 00	– **as snáithíní sintéiseacha**	8	p/st
6214 40 00	– **as snáithíní saorga**	8	p/st
6214 90 00	– **as ábhair theicstíle eile**	8	p/st
6215	**Carbhait, carbhait chuachóige agus carbhait mhuiníl:**		
6215 10 00	– **as síoda nó dramhshíoda**	6,3	p/st
6215 20 00	– **as snáithíní de dhéantús an duine**	6,3	p/st
6215 90 00	– **as ábhair theicstíle eile**	6,3	p/st
6216 00 00	**Lámhainní, mitíní agus miotóga**	7,6	pa
6217	**Gabhálais éadaigh rédhéanta eile; codanna de bhaill éadaigh nó de ghabhálais éadaigh, seachas iad sin atá faoi cheannteideal 6212:**		
6217 10 00	– **Gabhálais**	6,3	—
6217 90 00	– **Páirteanna**	12	—

CAIBIDIL 63

EARRAÍ TEICSTÍLE RÉDHÉANTA EILE; FOIRNE ÉADAÍ; ÉADAÍ CAITE AGUS EARRAÍ TEICSTÍLE CAITE; CEIRTEACHA

Nótaí

1. Níl feidhm ag Fochaibidil I ach maidir le hearraí rédhéanta, as fabraic theicstíle ar bith.

2. Ní chumhdaítear an méid a leanas le Fochaibidil I:

   a) earraí atá faoi Chaibidlí 56 go 62; nó

   b) éadaí caite nó earraí caite eile atá faoi cheannteideal 6309.

3. Níl feidhm ag ceannteideal 6309 ach maidir leis na hearraí seo amháin:

   a) earraí atá déanta as ábhair theicstíle:

      — éadaí agus gabhálais éadaí, agus codanna díobh sin,

      — pluideanna agus rugaí taistil,

      — éadaí leapa, línéadach boird, línéadach ionlainne agus línéadach cistine,

      — earraí bailchríche, seachas cairpéid atá faoi cheannteidil 5701 go 5705 agus taipéisí atá faoi cheannteideal 5805;

   b) coisbheart agus ceannbheart atá déanta as ábhar ar bith seachas aispeist.

   Chun na hearraí thuasluaite a aicmiú faoin gceannteideal seo, ní mór an dá cheanglas seo a leanas a chomhlíonadh:

   — ní mór marcanna lena léirítear caitheamh suntasach a bheith orthu, agus

   — ní mór iad a chur i láthair i mbulc nó i mburlaí, i málaí nó i bpacáistí comhchosúla.

Nóta fo-cheannteidil

1. Faoi fho-cheannteideal 6304 20 cumhdaítear earraí atá déanta as fabraicí cniotála dlúith, iad tuilte nó brataithe le halfa-cipirmeitrin (ISO), clóirfeinipir (ISO), deiltemheitrin (INN, ISO), lambda-ciahalaitrin (ISO), sármheitrin (ISO) nó pirimeafos-meitil (ISO).

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
	I. EARRAÍ RÉDHÉANTA TEICSTÍLE EILE		
6301	**Pluideanna agus rugaí taistil:**		
6301 10 00	– **Pluideanna leictreacha**	6,9	p/st
6301 20	– **Pluideanna (seachas pluideanna leictreacha) agus rugaí taistil, as olann nó fionnadh ainmhíoch mín:**		
6301 20 10	–– iad cniotáilte nó cróiseáilte	12	p/st
6301 20 90	–– eile	12	p/st

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
6301 30	– **Pluideanna (seachas pluideanna leictreacha) agus rugaí taistil, as cadás:**		
6301 30 10	–– iad cniotáilte nó cróiseáilte	12	p/st
6301 30 90	–– eile	7,5	p/st
6301 40	– **Pluideanna (seachas pluideanna leictreacha) agus rugaí taistil, as snáithíní sintéiseacha:**		
6301 40 10	–– iad cniotáilte nó cróiseáilte	12	p/st
6301 40 90	–– eile	12	p/st
6301 90	– **pluideanna agus rugaí taistil eile:**		
6301 90 10	–– iad cniotáilte nó cróiseáilte	12	p/st
6301 90 90	–– eile	12	p/st
6302	**Éadaí leapa, línéadach boird, línéadach ionlainne agus línéadach cistine:**		
6302 10 00	– **Éadaí leapa, iad cniotáilte nó cróiseáilte**	12	—
	– **éadaí leapa eile, priontáilte:**		
6302 21 00	–– **as cadás**	12	—
6302 22	–– **as snáithíní de dhéantús an duine:**		
6302 22 10	––– ábhair neamhfhite	6,9	—
6302 22 90	––– eile	12	—
6302 29	–– **as ábhair theicstíle eile:**		
6302 29 10	––– as líon nó ráimí	12	—
6302 29 90	––– as ábhair theicstíle eile	12	—
	– **éadaí leapa eile:**		
6302 31 00	–– **as cadás**	12	—
6302 32	–– **as snáithíní de dhéantús an duine:**		
6302 32 10	––– ábhair neamhfhite	6,9	—
6302 32 90	––– eile	12	—
6302 39	–– **as ábhair theicstíle eile:**		
6302 39 20	––– as líon nó ráimí	12	—
6302 39 90	––– as ábhair theicstíle eile	12	—
6302 40 00	– **Línéadach boird, iad cniotáilte nó cróiseáilte**	12	—
	– **línéadach boird eile:**		
6302 51 00	–– **as cadás**	12	—
6302 53	–– **as snáithíní de dhéantús an duine:**		
6302 53 10	––– ábhair neamhfhite	6,9	—
6302 53 90	––– eile	12	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
6302 59	–– **as ábhair theicstíle eile:**		
6302 59 10	––– as líon	12	—
6302 59 90	––– eile	12	—
6302 60 00	– **Línéadach ionlainne agus línéadach cistine, de thuáille gibíneach nó d'fhabraicí gibínigh eile comhchosúla, as cadás**	12	—
	– **eile:**		
6302 91 00	–– **as cadás**	12	—
6302 93	–– **as snáithíní de dhéantús an duine:**		
6302 93 10	––– ábhair neamhfhite	6,9	—
6302 93 90	––– eile	12	—
6302 99	–– **as ábhair theicstíle eile:**		
6302 99 10	––– as líon	12	—
6302 99 90	––– eile	12	—
6303	**Cuirtíní (lena n-áirítear scaraoidí) agus dallóga intí; cuirtíní nó sciortaí leapa:**		
	– **iad cniotáilte nó cróiseáilte:**		
6303 12 00	–– **as snáithíní sintéiseacha**	12	m^2
6303 19 00	–– **as ábhair theicstíle eile**	12	m^2
	– **eile:**		
6303 91 00	–– **as cadás**	12	m^2
6303 92	–– **as snáithíní sintéiseacha:**		
6303 92 10	––– ábhair neamhfhite	6,9	m^2
6303 92 90	––– eile	12	m^2
6303 99	–– **as ábhair theicstíle eile:**		
6303 99 10	––– ábhair neamhfhite	6,9	m^2
6303 99 90	––– eile	12	m^2
6304	**Earraí fearastaithe eile, gan iad sin atá faoi cheannteideal 9404 a áireamh:**		
	– **Scaraoidí leapa:**		
6304 11 00	–– **iad cniotáilte nó cróiseáilte**	12	p/st
6304 19	–– **eile:**		
6304 19 10	––– as cadás	12	p/st
6304 19 30	––– as líon nó ráimí	12	p/st
6304 19 90	––– as ábhair theicstíle eile	12	p/st
6304 20 00	– **Líonta leapa a shonraítear i nóta fo-cheannteidil 1 a ghabhann leis an gcaibidil seo**	12	p/st

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
	– **eile:**		
6304 91 00	–– **iad cniotáilte nó cróiseáilte**	12	—
6304 92 00	–– **gan cniotáil ná cróiseáil, as cadás**	12	—
6304 93 00	–– **gan cniotáil ná cróiseáil, as snáithíní sintéiseacha**	12	—
6304 99 00	–– **gan cniotáil ná cróiseáil, as ábhair theicstíle eile**	12	—
6305	**Saic agus málaí, de chineál a úsáidtear chun earraí a phacáil:**		
6305 10	– **As siúit nó as snáithíní eile de bhunús teicstíle faoi cheannteideal 5303:**		
6305 10 10	–– athláimhe	2	—
6305 10 90	–– eile	4	—
6305 20 00	– **as cadás**	7,2	—
	– **as ábhair theicstíle de dhéantús an duine:**		
6305 32	–– **Coimeádáin sholúbtha idirmheánacha bhuilc:**		
	––– as stiall phoileitiléine nó pholapróipiléine nó a leithéidí:		
6305 32 11	––––– iad cniotáilte nó cróiseáilte	12	—
6305 32 19	––––– eile	7,2	—
6305 32 90	––– eile	7,2	—
6305 33	–– **eile, as stiall phoileitiléine nó pholapróipiléine nó a leithéidí:**		
6305 33 10	––– iad cniotáilte nó cróiseáilte	12	—
6305 33 90	––– eile	7,2	—
6305 39 00	–– **eile**	7,2	—
6305 90 00	– **as ábhair theicstíle eile**	6,2	—
6306	**Tarpóil, scáthbhrait agus dallóga gréine; pubaill (lena n-áirítear téastair shealadacha agus earraí comhchosúla); seolta le haghaidh bád; earraí campála:**		
	– **Tarpóil, scáthbhrait agus dallóga gréine:**		
6306 12 00	–– **as snáithíní sintéiseacha**	12	—
6306 19 00	–– **as ábhair theicstíle eile**	12	—
	– **Pubaill (lena n-áirítear téastair shealadacha agus earraí comhchosúla):**		
6306 22 00	–– **as snáithíní sintéiseacha**	12	—
6306 29 00	–– **as ábhair theicstíle eile**	12	—
6306 30 00	– **Seolta**	12	—
6306 40 00	– **Tochtanna neomatacha**	12	p/st
6306 90 00	– **eile**	12	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
6307	**Earraí rédhéanta eile, lena n-áirítear patrúin do ghúnaí:**		
6307 10	– **Ceirteacha urláir, ceirteacha mias, glantóirí deannaigh agus ceirteacha glantacháin:**		
6307 10 10	–– iad cniotáilte nó cróiseáilte	12	—
6307 10 30	–– ábhair neamhfhite	6,9	—
6307 10 90	–– eile	7,7	—
6307 20 00	– **Seaicéid tarrthála agus criosanna tarrthála**	6,3	—
6307 90	– **eile:**		
6307 90 10	–– iad cniotáilte nó cróiseáilte	12	—
	–– eile:		
6307 90 91	––– as feilt	6,3	—
	––– eile:		
6307 90 92	–––– Scaraoidí aon-úsáide atá déanta as fabraicí atá faoi cheannteideal 5603, de chineál a úsáidtear le linn gnáthaimh mháinliachta	6,3	—
	–––– maisc aghaidh chosanta:		
6307 90 93	––––– Análaitheoir cáithníní (FFP) de réir EN149; maisc eile a chomhlíonann caighdeán comhchosúil maidir le maisc mar fheistí cosanta riospráide chun cosaint in aghaidh cáithníní [1]	6,3	p/st
6307 90 95	––––– eile [1]	6,3	p/st
6307 90 98	–––– eile	6,3	—
	II. FOIRNE		
6308 00 00	**Foirne d'fhabraicí fite agus de shnáth, bíodh gabhálais ag gabháil leo nó ná bídís, lena ndéanamh i rugaí, taipéisí, éadaí boird nó naipcíní bróidnithe, nó in earraí teicstíle comhchosúla, iad i bpacáistíocht lena miondíol**	12	—
	III. ÉADAÍ CAITE AGUS EARRAÍ TEICSTÍLE CAITE; CEIRTEACHA		
6309 00 00	**Éadaí caite agus baill éadaigh chaite eile**	5,3	—
6310	**Ceirteacha, fuíoll sreangáin, téadra, téad agus cáblaí, iad úsáidte nó nua agus earraí seanchaite as sreangán, téadra, téad nó cáblaí, as ábhair theicstíle:**		
6310 10 00	– **sórtáilte**	Díolúine	—
6310 90 00	– **eile**	Díolúine	—

[1] Cóid staidrimh TARIC: féach Iarscríbhinn 10.

ROINN XII

COISBHEART, CEANNBHEART, SCÁTHANNA FEARTHAINNE, SCÁTHANNA GRÉINE, BATAÍ SIÚIL, BATAÍ SUÍOCHÁIN, FUIPEANNA, FUIPEANNA MARCAÍOCHTA AGUS PÁIRTEANNA DÍOBH; CLEITÍ ULLMHAITHE AGUS EARRAÍ A DHÉANTAR LEO SIN; BLÁTHANNA SAORGA; EARRAÍ Ó GHRUAIG DHAONNA

CAIBIDIL 64

COISBHEARTA, LOIRGNEÁIN AGUS A LEITHÉIDÍ; PÁIRTEANNA DE NA HEARRAÍ SIN

Nótaí

1. Ní chumhdaítear leis an gcaibidil seo:

   a) clúdaigh cos nó bróg indiúscartha, as ábhar gan téagar (páipéar, bratra plaisteach mar shampla), gan boinn a bheith curtha leo. Aicmítear na hearraí seo de réir a gcomhábhair;

   b) coisbhearta as ábhar teicstíle, gan bonn istigh a bheith gliúáilte nó fuaite nó feistithe ar an uachtar ar bhealach eile (Roinn XI);

   c) coisbhearta caite atá faoi cheannteideal 6309;

   d) earraí aispeiste (ceannteideal 6812);

   e) coisbhearta ortaipéideacha nó fearais ortaipéideacha eile, nó páirteanna díobh (ceannteideal 9021); nó

   f) coisbhearta nó buataisí sciála de chineál bréagán dá bhfuil scátaí oighir nó scátaí rollála ceangailte; loirgneáin nó éadaí spóirt cosanta comhchosúla (Caibidil 95).

2. Chun críocha cheannteideal 6406, ní chuimsíonn an téarma 'páirteanna' pionnaí, cosaintí, súilíní, crúcaí, búclaí, maisiúcháin, bréad, iallacha, bobailíní ná ciumhsóga eile (arb earraí iad a aicmeofar faoina gceannteidil ábhartha) ná cnaipí ná earraí eile atá faoi cheannteideal 9606.

3. Chun críocha na caibidle seo:

   a) cuimsíonn na téarmaí 'rubar' agus 'plaistigh' fabraicí fite nó táirgí teicstíle eile ina bhfuil sraith sheachtrach rubair nó plaisteach is infheicthe ag an tsúil; chun críche na forála seo, níor cheart aon athrú ar an dath is toradh ar na hoibríochtaí sin a chur san áireamh; agus

   b) tagraíonn an téarma 'leathar' do na hearraí atá faoi cheannteidil 4107 agus 4112 go 4114.

4. Faoi réir nóta 3 a ghabhann leis an gcaibidil seo:

   a) measfar gurb éard atá in ábhar an uachtair, an t-ábhar as a bhfuil an chuid is mó den achar dromchla seachtrach déanta, gan gabhálais ná treisiúcháin amhail paistí rúitíní, reangaí, ornáidiú, búclaí, clibeanna, teanntáin súilíní nó ceangaltáin chomhchosúla a chur san áireamh;

   b) measfar gurb éard atá san ábhar as a bhfuil an chuid is mó den bhonn seachtrach, an t-ábhar a bhfuil an t-achar dromchla is mó aige agus a dhéanann teagmháil leis an talamh, gan gabhálais ná treisiúcháin amhail spící, barraí, tairní, cosantóirí nó ceangaltáin chomhchosúla a chur san áireamh.

Nóta fo-cheannteidil

1. Chun críocha fho-cheannteidil 6402 12, 6402 19, 6403 12, 6403 19 agus 6404 11, níl feidhm ag an abairt 'coisbhearta spóirt' ach amháin maidir leis na nithe seo a leanas:

   a) coisbhearta atá ceaptha le haghaidh gníomhaíocht spóirt agus ina bhfuil spící, stodaí, stopanna, fáiscíní, barraí agus a leithéidí, nó a bhfuil soláthar iontu lena n-aghaidh;

   b) buataisí scátála, buataisí sciála agus coisbhearta sciála trastíre, buataisí clársciála, buataisí coraíochta, buataisí dornálaíochta agus bróga rothaíochta.

Nótaí ceannteidil

1. *De réir bhrí nóta 4(a) ciallaíonn 'treisiúcháin' píosaí uile an ábhair (plaistigh nó leathar mar shampla) atá feistithe de dhromchla seachtrach an uachtair chun é a threisiú a thuilleadh, bídís feistithe den bhonn nó ná bídís. Nuair a bhaintear na treisiúcháin, is iad saintréithe an uachtair, agus ní saintréithe na líneála, nach mór a bheith ag an ábhar is infheicthe, chun taca leordhóthanach a thabhairt don chos, agus na córais cheangail bhunaidh a bheith ann, chun gur féidir leis an té atá ag caitheamh na gcoisbheart siúl.*

   Ní mór a chur san áireamh na ranna a chumhdaítear le gabhálais nó le treisithe agus comhdhéanamh an uachtair á chinneadh.

2. *De réir bhrí nóta 4(b), ní chuirfear san áireamh chun críoch aicmithe sraith amháin nó níos mó d'ábhar teicstíle nach bhfuil na saintréithe acu is gá le haghaidh gnáthúsáid boinn amuigh (mar shampla buanfas, neart etc.).*

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
6401	**Coisbhearta uiscedhíonacha ar a bhfuil boinn amuigh agus uachtair atá déanta as rubar nó as plaistigh, arb uachtair iad nach bhfuil feistithe ar an mbonn ná cóimeáilte trí fhuáil, seamú, tairneáil, scriúáil, stopadh nó próisis chomhchosúla:**		
6401 10 00	– **Coisbhearta a bhfuil bairbín cosanta miotail iontu**	17	pa
	– **Coisbhearta eile:**		
6401 92	–– **a chlúdaíonn an rúitín ach nach gclúdaíonn an ghlúin:**		
6401 92 10	––– agus uachtair orthu atá déanta as rubar	17	pa
6401 92 90	––– agus uachtair orthu atá déanta as plaistigh	17	pa
6401 99 00	–– **eile**	17	pa
6402	**Coisbhearta eile ar a bhfuil boinn amuigh agus uachtair atá déanta as rubar nó as plaistigh:**		
	– **Coisbhearta spóirt:**		
6402 12	–– **Buataisí sciála, coisbhearta sciála trastíre agus buataisí clársciála:**		
6402 12 10	––– Buataisí sciála agus coisbhearta sciála trastíre	17	pa
6402 12 90	––– Buataisí clársciála	17	pa
6402 19 00	–– **eile**	16,9	pa
6402 20 00	– **Coisbhearta agus strapaí nó iallacha uachtair ceangailte den bhonn le dalláin chaocha**	17	pa
	– **Coisbhearta eile:**		
6402 91	–– **a chlúdaíonn an rúitín:**		
6402 91 10	––– ina bhfuil bairbín cosanta miotail	17	pa

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
6402 91 90	– – – eile	16,9	pa
6402 99	– – **eile:**		
6402 99 05	– – – ina bhfuil bairbín cosanta miotail	17	pa
	– – – eile:		
6402 99 10	– – – – agus uachtair orthu atá déanta as rubar	16,8	pa
	– – – – agus uachtair orthu atá déanta as plaistigh:		
	– – – – – Coisbhearta ar a bhfuil buimpéis atá déanta as strapaí nó a bhfuil píosa amháin nó roinnt píosaí gearrtha aisti:		
6402 99 31	– – – – – – agus bonn agus sáil orthu is airde ná 3 cm nuair a chuirtear le chéile iad	16,8	pa
6402 99 39	– – – – – – eile	16,8	pa
6402 99 50	– – – – – Slipéir agus coisbhearta intí eile	16,8	pa
	– – – – – eile, agus boinn istigh orthu atá:		
6402 99 91	– – – – – – níos lú ná 24 cm ar fad	16,8	pa
	– – – – – – 24 cm nó níos mó ar fad:		
6402 99 93	– – – – – – – Coisbhearta nach bhfuil inaitheanta mar choisbhearta fear ná ban	16,8	pa
	– – – – – – – eile:		
6402 99 96	– – – – – – – – d'fhir	16,8	pa
6402 99 98	– – – – – – – – do mhná	16,8	pa
6403	**Coisbhearta ar a bhfuil boinn amuigh atá déanta as rubar, plaistigh, leathar nó leathar comhdhéanta agus uachtair atá déanta as rubar:**		
	– **Coisbhearta spóirt:**		
6403 12 00	– – **Buataisí sciála, coisbhearta sciála trastíre agus buataisí clársciála**	8	pa
6403 19 00	– – **eile**	8	pa
6403 20 00	– **Coisbhearta ar a bhfuil boinn amuigh atá déanta as leathar, agus uachtair atá déanta as strapaí leathair trasna dhroim na bróige agus thart ar ordóg na coise**	8	pa
6403 40 00	– **Coisbhearta eile, a bhfuil bairbín cosanta miotail iontu**	8	pa
	– **Coisbhearta eile ar a bhfuil boinn amuigh atá déanta as leathar:**		
6403 51	– – **a chlúdaíonn an rúitín:**		
6403 51 05	– – – agus iad déanta ar cheap nó ar chlár adhmaid, gan bonn istigh orthu	8	pa
	– – – eile:		
	– – – – a chlúdaíonn an rúitín ach nach gclúdaíonn aon chuid den cholpa, agus boinn istigh orthu atá:		
6403 51 11	– – – – – níos lú ná 24 cm ar fad	8	pa
	– – – – – 24 cm nó níos mó ar fad:		
6403 51 15	– – – – – – d'fhir	8	pa
6403 51 19	– – – – – – do mhná	8	pa

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
	– – – – eile, agus boinn istigh orthu atá:		
6403 51 91	– – – – – níos lú ná 24 cm ar fad	8	pa
	– – – – – 24 cm nó níos mó ar fad:		
6403 51 95	– – – – – – d'fhir	8	pa
6403 51 99	– – – – – – do mhná	8	pa
6403 59	– – **eile:**		
6403 59 05	– – – agus iad déanta ar cheap nó ar chlár adhmaid, gan bonn istigh orthu	8	pa
	– – – eile:		
	– – – – Coisbhearta ar a bhfuil buimpéis atá déanta as strapaí nó a bhfuil píosa amháin nó roinnt píosaí gearrtha aisti:		
6403 59 11	– – – – – agus bonn agus sáil orthu is airde ná 3 cm nuair a chuirtear le chéile iad	5	pa
	– – – – – eile, agus boinn istigh orthu atá:		
6403 59 31	– – – – – – níos lú ná 24 cm ar fad	8	pa
	– – – – – – 24 cm nó níos mó ar fad:		
6403 59 35	– – – – – – – d'fhir	8	pa
6403 59 39	– – – – – – – do mhná	8	pa
6403 59 50	– – – – Slipéir agus coisbhearta intí eile	8	pa
	– – – – eile, agus boinn istigh orthu atá:		
6403 59 91	– – – – – níos lú ná 24 cm ar fad	8	pa
	– – – – – 24 cm nó níos mó ar fad:		
6403 59 95	– – – – – – d'fhir	8	pa
6403 59 99	– – – – – – do mhná	8	pa
	– **Coisbhearta eile:**		
6403 91	– – **a chlúdaíonn an rúitín:**		
6403 91 05	– – – agus iad déanta ar cheap nó ar chlár adhmaid, gan bonn istigh orthu	8	pa
	– – – eile:		
	– – – – a chlúdaíonn an rúitín ach nach gclúdaíonn aon chuid den cholpa, agus boinn istigh orthu atá:		
6403 91 11	– – – – – níos lú ná 24 cm ar fad	8	pa
	– – – – – 24 cm nó níos mó ar fad:		
6403 91 13	– – – – – – Coisbhearta nach bhfuil inaitheanta mar choisbhearta fear ná ban	8	pa
	– – – – – – eile:		
6403 91 16	– – – – – – – d'fhir	8	pa
6403 91 18	– – – – – – – do mhná	8	pa
	– – – – eile, agus boinn istigh orthu atá:		
6403 91 91	– – – – – níos lú ná 24 cm ar fad	8	pa
	– – – – – 24 cm nó níos mó ar fad:		
6403 91 93	– – – – – – Coisbhearta nach bhfuil inaitheanta mar choisbhearta fear ná ban	8	pa

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
	------ eile:		
6403 91 96	------- d'fhir	8	pa
6403 91 98	------- do mhná	5	pa
6403 99	-- **eile:**		
6403 99 05	--- agus iad déanta ar cheap nó ar chlár adhmaid, gan bonn istigh orthu	8	pa
	--- eile:		
	---- Coisbhearta ar a bhfuil buimpéis atá déanta as strapaí nó a bhfuil píosa amháin nó roinnt píosaí gearrtha aisti:		
6403 99 11	----- agus bonn agus sáil orthu is airde ná 3 cm nuair a chuirtear le chéile iad	8	pa
	----- eile, agus boinn istigh orthu atá:		
6403 99 31	------ níos lú ná 24 cm ar fad	8	pa
	------ 24 cm nó níos mó ar fad:		
6403 99 33	------- Coisbhearta nach bhfuil inaitheanta mar choisbhearta fear ná ban	8	pa
	------- eile:		
6403 99 36	-------- d'fhir	8	pa
6403 99 38	-------- do mhná	5	pa
6403 99 50	---- Slipéir agus coisbhearta intí eile	8	pa
	---- eile, agus boinn istigh orthu atá:		
6403 99 91	----- níos lú ná 24 cm ar fad	8	pa
	----- 24 cm nó níos mó ar fad:		
6403 99 93	------ Coisbhearta nach bhfuil inaitheanta mar choisbhearta fear ná ban	8	pa
	------ eile:		
6403 99 96	------- d'fhir	8	pa
6403 99 98	------- do mhná	7	pa
6404	**Coisbhearta ar a bhfuil boinn amuigh atá déanta as rubar, plaistigh, leathar nó leathar comhdhéanta agus uachtair atá déanta as ábhair theicstíle:**		
	– **Coisbhearta ar a bhfuil boinn amuigh atá déanta as rubar nó as plaistigh:**		
6404 11 00	-- **Coisbhearta spóirt; bróga leadóige, bróga cispheile, bróga giomnáisiam, bróga traenála agus a leithéidí**	16,9	pa
6404 19	-- **eile:**		
6404 19 10	--- Slipéir agus coisbhearta intí eile	16,9	pa
6404 19 90	--- eile	16,9	pa
6404 20	– **Coisbhearta ar a bhfuil boinn amuigh atá déanta as leathar nó as leathar comhdhéanta:**		
6404 20 10	-- Slipéir agus coisbhearta intí eile	17	pa
6404 20 90	-- eile	17	pa
6405	**Coisbhearta eile:**		
6405 10 00	– **ar a bhfuil uachtair atá déanta as leathar nó as leathar comhdhéanta**	3,5	pa

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
6405 20	– **ar a bhfuil uachtair atá déanta as ábhair theicstíle:**		
6405 20 10	–– ar a bhfuil boinn amuigh atá déanta as adhmad nó as corc	3,5	pa
	–– ar a bhfuil boinn amuigh atá déanta as ábhair eile:		
6405 20 91	––– Slipéir agus coisbhearta intí eile	4	pa
6405 20 99	––– eile	4	pa
6405 90	– **eile:**		
6405 90 10	–– ar a bhfuil boinn amuigh atá déanta as rubar, plaistigh, leathar nó leathar comhdhéanta	17	pa
6405 90 90	–– ar a bhfuil boinn amuigh atá déanta as ábhair eile	4	pa
6406	**Páirteanna de choisbhearta (lena n-áirítear uachtair, bídís ceangailte de bhoinn seachas boinn amuigh nó ná bídís); boinn istigh inbhainte, cúisíní sála agus earraí comhchosúla; loirgneáin, luiteoga agus baill éadaigh chomhchosúla agus codanna díobh:**		
6406 10	– **Uachtair agus páirteanna díobh, seachas teanntáin:**		
6406 10 10	–– as leathar	3	—
6406 10 90	–– as ábhair eile	3	—
6406 20	– **Boinn amuigh agus sála, as rubar nó as plaistigh:**		
6406 20 10	–– as rubar	3	—
6406 20 90	–– as plaistigh	3	—
6406 90	– **eile:**		
6406 90 30	–– Cóimeálacha uachtar atá greamaithe de bhoinn istigh nó de chomhpháirteanna boinn eile, ach gan boinn amuigh orthu	3	pa
6406 90 50	–– Boinn istigh inbhainte agus gabhálais inbhainte eile	3	—
6406 90 60	–– Boinn amuigh atá déanta as leathar nó as leathar comhdhéanta	3	—
6406 90 90	–– eile	3	—

CAIBIDIL 65

CEANNBHEARTA AGUS PÁIRTEANNA DÍOBH

Nótaí

1. Ní chumhdaítear leis an gcaibidil seo:

   a) ceannbhearta caite atá faoi cheannteideal 6309;

   b) ceannbhearta aispeiste (ceannteideal 6812); nó

   c) hataí bábóg, hataí bréagán eile nó earraí carnabhail atá faoi Chaibidil 95.

2. Ní chumhdaítear le ceannteideal 6502 cruthanna hata a fhaightear trí fhuáil, seachas iad siúd a fhaightear trí stiallacha a fhuáil ina mbíseanna.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
6501 00 00	**Foirmeacha hataí, coirp hataí agus cochaill feilte, nach bhfuil múnlaithe de réir crutha, ná nach bhfuil duilleoga orthu; plateaux agus cosantóirí cluas feilte (lena n-áirítear mufaí scoilte)**	2,7	p/st
6502 00 00	**Cruthanna hataí, iad trilsithe nó déanta trí stiallacha d'aon ábhar a chóimeáil, nach bhfuil múnlaithe de réir crutha, ná nach bhfuil duilleoga orthu, ná líneáilte, ná cóirithe**	Díolúine	p/st
[6503]			
6504 00 00	**Hataí agus ceannbhearta eile, iad trilsithe nó déanta trí stiallacha d'aon ábhar a chóimeáil, bídís líneáilte nó cóirithe nó ná bídís**	Díolúine	p/st
6505 00	**Hataí agus ceannbhearta eile, iad cniotáilte nó cróiseáilte, nó déanta as lása, as feilt nó as fabraic theicstíle eile, sa phíosa (ach ní i stiallacha), bídís líneáilte nó cóirithe nó ná bídís; eangacha gruaige d'aon ábhar bídís líneáilte nó cóirithe nó ná bídís:**		
6505 00 10	– as feilt fionnaidh nó as feilt olla agus fionnaidh, iad déanta as coirp hataí, as cochaill nó as plateaux atá faoi cheannteideal 6501 00 00	5,7	p/st
	– eile:		
6505 00 30	–– Caipíní speiceacha	2,7	p/st
6505 00 90	–– eile	2,7	—
6506	**Ceannbhearta eile, bídís líneáilte nó cóirithe nó ná bídís:**		
6506 10	– **Ceannbhearta sábháilteachta:**		
6506 10 10	–– as plaistigh	2,7	p/st
6506 10 80	–– as ábhair eile	2,7	p/st
	– **eile:**		
6506 91 00	–– **as rubar nó as plaistigh**	2,7	p/st
6506 99	–– **as ábhair eile:**		
6506 99 10	––– as feilt fionnaidh nó as feilt olla agus fionnaidh, iad déanta as coirp hataí, as cochaill nó as plateaux atá faoi cheannteideal 6501 00 00	5,7	p/st
6506 99 90	––– eile	2,7	p/st
6507 00 00	**Filléid, líneálacha, clúdaigh, bunsraitheanna hataí, frámaí hataí, feirceanna agus smigirisí, le haghaidh ceannbheart**	2,7	—

CAIBIDIL 66

SCÁTHANNA FEARTHAINNE, SCÁTHANNA GRÉINE, BATAÍ SIÚIL, BATAÍ SUÍOCHÁIN, FUIPEANNA, FUIPEANNA MARCAÍOCHTA AGUS PÁIRTEANNA DÍOBH

Nótaí

1. Ní chumhdaítear leis an gcaibidil seo:

   a) maidí tomhais nó a leithéidí (ceannteideal 9017);

   b) slata airm tine, slata claímh, maidí siúil luchtaithe le luaidhe nó a leithéidí (Caibidil 93); nó

   c) earraí atá faoi Chaibidil 95 (scáthanna fearthainne bréige, scáthanna gréine bréige).

2. Ní chumhdaítear le ceannteideal 6603 páirteanna, ciumhsóga ná gabhálais as ábhair theicstíle, ná clúdaigh, scothóga, iallacha, cásanna scátha fearthainne nó a leithéidí, as aon ábhar. Maidir le hearraí a chuirtear i láthair le hearraí atá faoi cheannteideal 6601 nó 6602 ach nach bhfuil feistithe ar na hearraí sin, aicmeofar ar leithligh iad agus ní láimhseálfar iad amhail is gur cuid de na hearraí sin iad.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
6601	**Scáthanna fearthainne agus scáthanna gréine (lena n-áirítear scáthanna fearthainne bataí siúil, scáthanna gairdín agus scáthanna comhchosúla):**		
6601 10 00	– **Scáthanna gairdín agus scáthanna comhchosúla**	4,7	p/st
	– **eile:**		
6601 91 00	–– **ar a bhfuil cos theileascópach**	4,7	p/st
6601 99	–– **eile:**		
6601 99 20	––– ar a bhfuil clúdach atá déanta as ábhair theicstíle fhite	4,7	p/st
6601 99 90	––– eile	4,7	p/st
6602 00 00	**Bataí siúil, bataí suíocháin, fuipeanna, fuipeanna marcaíochta agus a leithéidí**	2,7	—
6603	**Páirteanna, ciumhsóga agus gabhálais na n-earraí atá faoi cheannteideal 6601 nó 6602:**		
6603 20 00	– **Frámaí scáthanna fearthainne, lena n-áirítear frámaí atá feistithe ar chosa (maidí)**	5,2	—
6603 90	– **eile:**		
6603 90 10	–– Lámha agus cnaipí	2,7	—
6603 90 90	–– eile	5	—

CAIBIDIL 67

CLEITÍ AGUS CLÚMH ULLMHAITHE AGUS EARRAÍ ATÁ DÉANTA AS CLEITÍ NÓ AS CLÚMH; BLÁTHANNA SAORGA; EARRAÍ ATÁ DÉANTA AS GRUAIG DHAONNA

Nótaí

1. Ní chumhdaítear leis an gcaibidil seo:

   a) éadach chun scagtha nó chun síothlaithe, atá déanta as gruaig dhaonna (ceannteideal 5911);

   b) móitífeanna bláthbhreaca as lása, bróidnéireacht nó as fabraic theicstíle eile (Roinn XI);

   c) coisbhearta (Caibidil 64);

